



GFT Éireann

Tuarascáil Bliantúil
agus
Cuntais 2021



www.idaireland.com



53	75	57	60
I	Re	La	Nd
Iodine	Rhenium	Lanthanum	Neodymium
126.904	186.207	138.905	144.242



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



CLÁR NA NÁBHAR

CLÁR NA NÁBHAR	Lch
• Forbhreathnú an Chathaoirligh agus POF	3
• Staidrimh	14
• Comhshaoil, Sóisialta Agus Rialachais	19
• Ráitis Airgeadais	23
• Gréasán Domhanda Oifigí	80



Lch
3

CATHAOIRLEACH AGUS POB FORLÉARGAS




2021

Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF

Bliain suntasach ab ea 2021 d'infheistíocht dhíreach seachtrach (FDI) in Éirinn. D'fhairsingigh bonn reatha GFT Éireann le comhlachtaí ilnáisiúnta a bhfostaíocht go dtí an leibhéal is airde amach, chuaigh infheistíocht nua daingnithe in aghaidh iomaíochta domhanda dian go leibhéal cosúla leis an tréimhse a bhí ann roimh an bpaindéim, agus chuaigh níos mó tionscadail go dtí na réigiúin ná riamh.

Léiríonn na torthaí seo tarraingteacht na hÉireann mar shuíomh ina féidir le gnóthaí i gcroílár an gheilleagair nua-aoisigh tosú, fás, a bheith faoi bhláth agus oiriúnú. Léiríonn siad freisin arís dinimiceas na gcomhlachtaí a bhfuil GFT i gcomhpháirtíocht leo. Le deich mbliana anuas, tá fás céimneach tagtha i bhfostaíocht FDI in Éirinn. Le trí bhliana anuas, tá fás athléimneach go neamhchoitianta in ainneoin an tsuaite shuntasáigh a tháinig sa gheilleagar ón mBreaitimeacht, Covid-19 agus an cogadh san Úcráin.



Is géarchéim daonnúlach é an cogadh san Úcráin thar aon rud eile. Ní mór comhghairdeas a thabhairt ar fhreagra na hÉireann i dtacaíocht le saoránaigh na hÚcráine. Léiríonn an choimhlint is dáiríre ceannasaíocht shuntasach le geilleagar an domhain agus pointe tuiníochta féideartha sa tírdhreach gheopholaitíocht. De réir is a thosaíonn tionchar na paindéime ar an ngeilleagar ag imeacht ag tús na bliana, spreag ionradh na Rúise ar an Úcráin tréimhse athnuaithe éiginnteachta agus chuir sé sin le brúnna boilscithe domhanda a mhéadaigh ar feadh na bliana i ngeall ar fhachtóirí a bhain leis an bpaindéim. D'fhéadfadh teorainneacha leanúnacha ar an Sín agus é ag dul i ngleic le Covid-19 a thuilleadh suaite a chur ar shlabhraí soláthair agus cur le brúnna boilscithe sa gheilleagar domhanda.

Níl na dúshlán de bharr ardleibhéal boilscithe in os cionn deich mbliana uathúil d'Éirinn. In ainneoin sin, cuireann cúinsí reatha a thuilleadh béime ar an riachtanas le cinntiú go bhfanann Éire mar shuíomh inacmhainne tarraingteach do ghnóthaí chun infheistíochta agus do dhaoine cónaí inti. Leanann GFT ag idirghníomhú le comhlachtaí cliaint agus leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE) agus ranna eile ar phríomh-cheisteanna iomaíochais, lena n-áirítear fuinneamh, uisce/fuíolluisce, pleanáil, tithíocht, infreastruchtúr agus costas chun gnó a dhéanamh. Ar domhain trasfhoirmithe, is riachtanach dúinn leanúint linn ag gníomhú chun dul i ngleic le fachtóirí iomaíochais atá faoi smacht na hÉireann.

Is sainmharc na hÉireann é freagairt ar bhealach onnghníomhach le athrú agus rath GFT. Is aidhm le Straitéis 2021-24 GFT, ag Tiomáint Athshlánaithe agus Fáis Inbhuanaithe, a chinntiú go bhfanfaidh FDI mar bhunchloch tábhachtach le polasaí fiontair na hÉireann agus cuidíonn sé le aistrithe go dtí glas agus digiteach. Rinne GFT go leor dul chun cinn i gcur i bhfeidhm na straitéise le linn 2021, lena n-áirítear struchtúir a chur i bhfeidhm a cheadódh dúinn seachadadh ar ár n-aidhmeanna níos fearr ar feadh bunchlocha straitéiseacha Fáis, Trasfhoirmithe, Réigiúin, Inbhuanaitheachta agus Tionchair. Ar feadh na bliana, chuaigh GFT i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí cliaint chun poist a chruthú, lonnú sna réigiúin agus infheistiú i dtaighde agus forbairt. Rinneamar idirghníomhaíocht le cliantí freisin ar oiliúint, uasoiliúint agus inbhuanaitheacht chomhshaoil a léiríonn na príomh-réimsí tábhachta straitéisí feabhsaithe sin do GFT agus ár gcomhlachtaí chliant luachmhara.

Soláthraíonn an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta tacaíocht luachmhar do GFT, a bhí riachtanach i gcomhair feidhmíochta rathúla na Gníomhaireachta le déanaí ar dhúshlán méadaithe agus éiginnteacht. Tá idirghníomhaíocht leanúnach, treoraíocht agus cúnaimh na Roinne an-chabhrach do chomhoibrithe GFT in Éirinn agus thar lear, agus muid ag leanúint linn ag iarraidh infheistíocht a bhuachan chun poist agus deis a sholáthar do mhuintir na hÉireann. Agus muid ag leanúint linn ag tabhairt faoin misean seo i dtimpeallacht lán dúshlán iomaíochais agus geopholaitiúla, beidh tacaíocht leanúnach an Rialtais agus an raoin leathain comhpháirtithe a oibrímid leo ar fud an fhiontair ag ceadú don éiceachóras riachtanach go fóill.

Buaicphointe feidhmíochta FDI in 2021

Lean fostaíocht laistigh portfolio GFT le comhlachtaí ilnáisiúnta (MNC) ag fás ar feadh paidéime Covid-19. Cé go raibh caillteanais poist ag leibhéal beagáinín níos ardaithe, d'fhan gnóthuithe poist buacacha ar bhealach suntasach. Léiríonn sé sin neart na gcomhlachtaí a oibríonn GFT leo agus seasmhacht na hÉireann mar shuíomh chun gnó a dhéanamh ann. Léiríonn sé freisin an leibhéal tacaíochta fhioscach gan choinne á sholáthar ag an Rialtas chun tionchar na paidéime ar an ngeilleagar a mhaolú, ag cosaint poist agus ioncaim.

D'fhás fostaíocht dhíreach iomlán i gcomhlachtaí chliant GFT 7% in 2021 chun buaicphointe 275,384¹ a shroicheadh. Thairfead GFT gnóthuithe poist 29,057 agus caillteanais 12,231, ag eascrú i ngnóthú fostaíochta glan 16,826. Bhí gnóthuithe poist agus figiúirí fostaíochta glan ar na cinn ab airde ar taifead. Bhí caillteanais níos airde ná le blianta beaga i dtéarmaí absalóideacha ach léirigh sé sin roinn íseal go stairiúil ar an mbonn ginearálta. Mhéadaigh fostaíocht i ngach réigiún na tíre ag tabhairt fostaíochta chliant GFT lasmuigh Bhaile Átha Cliath go 151,676 - 55% den fhostaíocht iomlán ar an portfolio. Bhí fás láidir go leor i Lár na Tíre (+10%), san Oirdheisceart (+8%), agus san Iarthar (+6%). D'fhás fostaíocht i mBaile Átha Cliath, atá mar phríomh-thiománaí ar fheidhmíocht FDI na hÉireann fós, 9%. Chomh maith leis na figiúirí fostaíochta díreacha suntasacha sin, meastar go bhfuil 8 bpost eile tacaíthe sa gheilleagar is leithne do gach 10 bpost i gcomhlachtaí cliant GFT - ag léiriú fostaíochta chliant dhíreach agus indírigh GFT ar os cionn 495,000².

Bhuaigh GFT 249 infheistíocht eile in 2021, i gcomhréir le meáin roimh an bpaindéim. Bhí sreabhadh láidir tionscadail tiománaithe ag fairsingiú cliant reatha (87 infheistíocht) agus feidhmíocht infheisteora nua measta ar an ainm (104 infheistíocht). Chuaigh os cionn leath de gach tionscadal (133,53%) go suíomhanna réigiúnacha - ag léiriú tosaigh an-láidir ar thargaid GFT chun 400 infheistíocht réigiúnach a sheachadadh mar chuid dár mbunchloch straitéiseach do na Réigiúin. Bhí seachadadh infheistíochta láidir ar feadh gach margaí foinseach, leis an scair ba mhó tionscadail ag teacht ó Mheiriceá Thuaidh (64%), ina dhiaidh sin ón Eoraip (27%) agus ó Mhargáí ag Fás (8%). Léiríonn na scaireanna sin go bhfuiltear ag filleadh go dtí deighilt gheografach infheistíochta a bhí ann roimh an bpaindéim, i gcomhréir lenár dtiomantas chun Meiriceá Thuaidh a choinneáil mar phríomh-mhargadh agus ag éagsúlú chun a thuilleadh infheistíochta a mhealladh ó áiteanna eile.

Faoi bhunchloch trasfhoirmithe straitéise GFT, bhí 43 infheistíocht RD&I agus 15 oiliúna daingnithe an bhliain seo caite. Is aidhm lenár mbéim leanúnach ar thrasfhoirmiú tacú le cliantí chun a dtáirgiúlacht, athléimneacht agus acmhainn nuálaíoch a mhéadú. Chuaigh GFT i gcomhpháirtíocht freisin le cliant ar 15 infheistíocht bainteach le inbhuanaitheacht, ar mian leo tógáil ar acmhainní geilleagair ghlais na hÉireann nó feabhas a chur le inbhuanaitheacht oibriúcháin MNC in Éirinn. Ar feadh gach cineáil infheistíochta - ó ainmneacha nua go inbhuanaitheacht - soláthraíonn na tionscadail daingnithe in 2021 ardán láidir i gcomhair athléimneachta leanúnaigh, nuálaíochta agus fáis sa bhonn cliant sna blianta le teacht agus na tionscadail sin idir lámhe.

¹ Suirbhé na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta (DETE), Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2021

² DETE/Iolraitheoir fostaíochta Indecon 1.8



Tionchar FDI

Trína thionchair díreacha agus indíreacha, is príomh-shócmhainn náisiúnta é bonn FDI na hÉireann. Tá cúnamh ár gcomhlachtaí cliaint inbhraite, substainteach agus rud nach ndéanaimid talamh slán de. Tá an 1,691 oibriúchán lena bhfuil GFT i gcomhpháirtíocht éagsúil go haonar agus scaipthe ar feadh earnálacha atá chun tosaigh an gheilleagair domhanda inniu. Le chéile, cuidíonn siad lenár ngeilleagar agus sochaí trí chruthaíocht phoist, deis agus dul ar aghaidh, nuálaíocht, foinsíú áitiúil, comhtháthú slabhra soláthair domhanda agus cáin.

Sholáthair Suirbhé Gnó Bliantúil is déanaí na Roinne (ABSEI) léargais nua ar an bhfairsinge a thacaigh FDI le geilleagar na hÉireann ag tréimhse an-dúshlánach in 2020. Mhéadaigh an méid a chaitheann cliaint GFT sa gheilleagar 9% in 2020 go €27.0 billiún ar feadh párolla (€16.8bn), seirbhísí na hÉireann agus ábhair na hÉireann (€11.1bn)³. Leis sin, méadaigh caiteachas caipitil (€7.5bn) agus R&D inmheánach (€2.8bn) ag cliaint GFT araon in 2020. Mhéadaigh onnmhairithe, a thacaigh le fás OTI na hÉireann in 2020 d'ainneoin éifeachtaí díobhálacha na paidéime, 9% go €291.4bn le cliaint GFT ag comhdhéanamh meastacháin 72% onnmhairithe náisiúnta⁴. Thacaigh athléimneacht bhonn FDI na hÉireann le airgeadas poiblí agus comhlachtaí cliaint GFT ag leanúint de bheith mar fhoinsé ioncaim Státchiste trína ranníocaíocht chánach. Chomhdhéan earnálacha faoi cheannas onnmhairithe atá ag MNC timpeall 70% de cháin corparáideach in 2020⁵.

Cur i bhfeidhm straitéise GFT


Is aidhm le straitéis eagraíochta ceithre bhliana GFT comhdhlúthú agus tógáil ar thionchar dearfach FDI agus Éire ag lorg athshlánaithe faoi cheannas poist a thapaíonn na deiseanna ó aistrithe glas agus digiteach. Rinneamar dul chun cinn suntasach ag cur na straitéise i bhfeidhm óna fhoilseachán in Eanáir 2021, lena n-áirítear forbairt ar phleananna chur i bhfeidhm rannáin oibriúcháin GFT chun tacú le aidhmeanna a bhaint amach ar feadh ár mbunchlocha straitéiseacha Fáis, Trasfhoirmithe, Réigiúin, Inbhuanaitheacht agus Tionchair.

Tacaíonn sármhaitheas eagraíochtúil le uailmhian straitéise GFT. Is príomh-chomhpháirt leis seo tógáil ar ár n-acmhainn inmheánach le cinntiú gur féidir le foirne GFT tionchar éifeachtach a imirt ar chinnteoireacht agus infheistíocht ag cliantí ar oiliúint agus inbhuanaitheacht ag leibhéal áitiúil agus corparáideach. Tá na struchtúir athbhreithnithe curtha i bhfeidhm ag deireadh 2020 leabaithe go maith anois inár n-eagraíocht. Áirítear leis an struchtúr nua foirne tiomnaithe um idirghníomhaíocht le cliaint dírithe ar thrasfhoirmiú daoine agus próisis agus geilleagar glas. Chun an straitéis a chur i bhfeidhm, chuireamar feabhas ar ár gcuid béime ar inbhuanaitheacht ar gach cineál, idirghníomhach le gníomhaireachtaí eile um chur chun cinn infheistíochta (IPA) agus an OECD ar dea-chleachta, agus oiliúint curtha i bhfeidhm dár gcuid foirne le cinntiú go bhfuil feachtas agus acmhainn againn atá riachtanach chun seachadadh ar ár n-aidhmeanna. Agus ár ndícheall

³ DETE, Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch (ABSEI) 2020

⁴ áirimh GFT bunaithe ar shonraí ABSEI agus ar shonraí trádála seachtraigh CSO

⁵ áirimh GFT bunaithe ar íocaíochtaí Chánach Corparáideacha Ioncaim agus Fáltais



á dhéanamh againn i dtreo sármhaitheasa eagraíochta, tá obair idir láimhe freisin inár gClár Trasfhoirmithe Digiteach uailmhianach, ar aidhm leis eispéireas cliaint a fheabhsú ionas go mbeidh GFT ina Ghníomhaireacht um chur chun cinn infheistíochta (IPA) is cumasaithe go digiteach ar domhain.

Rinneamar dul chun cinn freisin ar feadh tionscnaimh tacaíochta eile chun aidhmeanna na straitéise a bhaint amach. Tá GFT i gcomhpháirtíocht le Údarás Áitiúla agus ag obair go dlúth leis an earnáil príobháideach mar chuid den Chlár Maoine Réigiúnach, a bheidh muid ag seachadadh 19 foirgneamh tosaigh nua ó 2021-24 go suíomhanna réigiúnacha.


Tá Ionad Déantúsaíochta Casta (AMC), a dhéanfaidh spás a sholáthar do chomhlachtaí na hÉireann agus seachtracha trial, oiriúint, agus scálú, ar an mbealach ceart le oscailt níos déanaí in 2022. Cuirfidh an AMC bonn déantúsaíochta na hÉireann chun cinn sa trasfhoirmiú digiteach agus déantúsaíocht inbhuanaithe don chéad ghlúin eile. Tháinig dul chun cinn in infheistíocht ar scálú Institiúide Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bithphróiseála (NIBRT) i réimse éiritheach teiripe cille agus géine le inn 2021 freisin.

Tá buíochas ar GFT as an maoiniú Státhiste soláthraithe don Ghníomhaireacht ar feadh na dtionscnamh sin agus eile, a chuideoidh i seachadadh ár dtargaidí straitéiseacha 2021-24 agus chun tairiscint luacha na hÉireann do FDI a neartú sna blianta amach romhainn.

Forbairt réigiúnach

Tá forbairt réigiúnach lárnach lenár gcuid uailmhianta fós. Cé nach bhfuil sé gan locht, is féidir le FDI cuidiú le athshlánú agus fás níos cothroime a réadú. Go stairiúil, tá roghnachas ag FDI Domhanda as suíomhanna uirbeacha móra, ina féidir sochair a eascraíonn ó mhais criticiúil gnóthaí agus daoine a aimplú go suíomhanna réigiúnacha níos lú. D'fhéadfadh an méadú in obair chianda ó bhí an paidéim ann athrú a chur ar chinntiú suímh go dtí pointe éigin agus iomaíochas méadaithe a chruthú don talann. D'ainneoin sin, is dócha go bhfanfaidh neart na gcathracha mar thiománaithe FDI i ngeall arr scála agus mais criticiúil ann. Sa chomhthéacs seo, bhí feidhmíocht na hÉireann go maith i gcothromaíocht ar infheistíocht idir Bhaile Átha Cliath agus an chuid eile den tír.

Téann foilseachán GFT targaidí ar bhonn réigiúnach taobh thall den chur chuige leis an gcuid is mó gníomhaireachtaí eile um chur chun cinn infheistíochta (IPA). Áirítear lenár straitéis targaid 400 infheistíochtaí réigiúnacha, 50% den targaid infheistíochta iomlán do thréimhse go dtí 2024. Rinneamar tús dearfach ar an aistear i dtreo na haidhme seo le sreabhadh láidir tionscadail go suíomhanna réigiúnacha ag cliaint reatha agus nua in 2021.



Léiríonn scóip agus raon na n-infheistíochtaí daingnithe an éagsúlacht ar ghníomhaíocht fhiontair ar fud na tíre, ó dhéantúsaíocht leathsheoltóra sa Mheánoirthear, go táirgeadh teicneolaíochta liachta san Iarthar, teiripí tarrthála sa Mheániarthar, cibearshlándaíl agus seirbhísí teicneolaíochta san Oirdheisceart, R&D dírithe ar theic san Iardheisceart, bithchógaisíocht teiripeach i Lár na Tíre agus áiseanna bogearraí i réigiún an Teorann.

Bhuaigh na tionscadail sin agus go leor eile tógáil na bliana seo caite ar leibhéal gan choinne FDI sna réigiúin inár straitéis 2015-19, a chuir a thuilleadh feabhais ar thionchar FDI i suíomhanna lasmuigh Bhaile Átha Cliath. Mar shampla, chomh maith lena gcruthaíocht fhostaíochta substainteach, chaith cliant sna réigiúin os cionn €13bn i ngeilleagar na hÉireann ar feadh párolla, ábhair agus seirbhísí in 2020⁶. I dtréimhse éiginnteachta agus trasfhoirmithe na hearnála agus de bhrí a gcúnaimh le geilleagair áitiúla, beidh sé mar thosaíocht thábhachtach do GFT fanacht gearr le cliant reatha chun a n-oibriúcháin a fhorbairt go seasfaidh siad an aimsir i réigiúin na hÉireann.

Fuair an fás in infheistíocht réigiúnach in 2021 tacaíocht ón gClár Maoine Réigiúnach agus comhoibríocht leanúnach le príomh-gheallshealbhóirí ar fud na tíre. D'fhéadfadh le cur chuige comhfhorbairt áite maoine, infreastructúir agus sofaisticiúil ardchaighdeán a bheith mar phríomh-dhifreálaithe chun talann a mhealladh agus infheistíocht a bhuanach do shuíomhanna réigiúnacha i dtimpeallacht domhanda atá iomaíoch go leor. Tá GFT dírithe ar idirghníomhaíocht straitéiseach agus comhoibríocht le príomh-gheallshealbhóirí réigiúnacha chun na príomh-chritéir a smaoiníonn comhlachtaí orthu a chur in iúil le linn measúnaithe ar shuíomh réigiúnach agus, bunaithe air seo, chun oibriú le chéile chun feabhas a chur ar an tairiscint luacha réigiúnaigh do FDI.

Dearcadh

Sa chuid is mó den deich mbliana is déanaí, tá dearcadh eacnamaíoch agus FDI domhanda faoi réir éiginnteachta shuntasaigh, aibhsithe tuilleadh an bhliain seo i ngeall ar an gcogadh san Úcráin. D'fhéadfadh an géarchéim seo éifeacht suaite a imirt ar chinntí infheistíochta idirnáisiúnta, atá déanta níos éasca i dtimpeallacht sheasmhach. Agus impleachtaí geopholaitiúla ó ionradh na hÚcráine do FDI ag forbairt fós, chonaic muid cheanan aimplí na mbrúnna boilscithe a bhí ann cheana a tháinig chun cinn le linn 2021 agus tionchair áirithe ar an slabhra soláthair. D'fhéadfadh éiginnteacht, costais méadaithe agus aistriú i bpolasaí airgeadais infheistíocht ag MNC a chur faoi smacht ar an neastearma.

⁶ DETE, ABSEI 2020



D'éascaigh an tionchar eacnamaíoch ón bpaindéim in Éirinn le míonna beaga, cé go bhfuil rátaí vacsaínithe athraitheacha ar feadh tíortha difriúla agus acmhainn d'athraitheacha nua an víris teacht chun cinn ag cur riosca fós roimh an ndearcadh. Tá Covid-19 mar chúis le suaitheadh athnuaite faoi láthair i margáí an Aigéin Chiúin agus na hÁise le tionchar iarmhartach ar shlabhraí soláthair domhanda. D'fhéadfadh an suaitheadh fad a chur le deacrachtaí ar an slabhra soláthair, lena n-áirítear tréimhsí feithimh níos faide agus costais iompair níos airde, a d'imir tionchar ar chomhlachtaí timpeall an domhain le bliana anuas. Ó thaobh infheistíocht a mhealladh, agus GFT ag iarraidh tógáil ar ár bpíblíne tionscadail infheistíochta, tá taisteal go dtí príomh-mhargáí foinseacha san Áis dúshlánach faoi láthair i ngeall ar an leibhéal teorainneacha sláinte phoiblí i bhfeidhm.

Sa meántearma, d'fhéadfadh an cogadh san Úcráin agus an paindéim dlús a chur le athruithe ar shlabhraí soláthair domhanda agus tírdhreach trádála iltaobhach agus infheistíochta níos leithne. Beidh an Bhreaitimeacht, a d'eascaigh i ndeacrachtaí áirithe sa slabhra soláthair le linn 2021, agus aistear sa todhcháí do chaidrimh AE-UK mar phríomh-fhachtóir freisin don dearcadh sna blianta amach romhainn. Tá oscailteacht na hÉireann d'infheistíocht, daoine agus smaointe timpeall na cruinne i measc ár bpríomh-láidreachtaí - tá dúshlán romhainn ag baint le cothromaíocht don oscailteacht seo le féidearthacht d'eacnamaíocht oscailte domhanda. I ndomhain a athraíonn go gasta, tá GFT ag súil le idirghníomhú le DETE ar an bPáipéar Bán ar Pholasaí Fiontair sna míonna atá le teacht. I bhfianaise gach athruithe a tharla le cúpla bliana anuas - agus na athruithe a tharlóidh sna blianta le teacht - is gluaiseacht thráthúil é fís athnuaite a dheimhniú don meántearma i gcomhair polasaithe fiontair na hÉireann.

In ainneoin dúshláin reatha agus éiginnteachta sa timpeallacht domhanda, tá dóchas ar chomhlachtaí cliant GFT go ginearálta maidir leis na féidearthachtaí dá gcuid gnóthaí mar thoradh le fás leanúnach an mhargaidh agus éileamh dá dtáirgí agus seirbhísí. Tá píblíne tionscadail agus comharthaí ar chruthaíocht phoist sa todhcháí sa chéad leath de 2022 láidir go leor. Feicimid deiseanna fós ar feadh ár n-earnálacha béime, agus creidimid go bhfanfaidh siad ailínithe go maith le geilleagar domhanda an lae inniu agus in áit oiriúnach chun leas a bhaint as geilleagar trasfhoirmithe an todhcháí.

Aiseolas an chliant ar iomaíochas

Tá dearcadh dearfach ag comhlachtaí cliant maidir leis an timpeallacht ghnó in Éirinn agus ár dtarraingteacht ó thaobh príomh-shuíomhanna iomaíocha do FDI. Áirítear le láidreachtaí na hÉireann ár dtalann oilte agus an-éagsúil, éiceachóras oideachais agus oiliúna, polasaí comhsheasmhach leanúnach agus réim chánach iomaíoch corparáideach. Chun gur féidir fanacht rathúil sna blianta le teacht, tá dé-thasc romhainn ag baint le fanacht iomaíoch ar feadh na bhfachtóirí sin, ag obair freisin chun dul i ngleic le cuid de na ceisteanna iomaíocha a bhaineann le acmhainn iompair an gheilleagair a tháinig faoi bhrú i ngeall ar fhás suntasach.



Nuair a labhraímid le comhlachtaí cliaint, tá infhaighteacht talainn agus scileanna chun tosaigh ina gclár. Is príomh-fhachtóir é rochtain ar thalann i gcinntí idirnáisiúnta maidir le suíomh agus is príomh-bhunchloch é sin le tairiscint luacha na hÉireann do FDI. Dá bhrí sin, tá GFT idirghníomhach lenár máthair-Roinn agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighthe, Nuálaíochta agus Eolaíochta ar an gclár scileanna, talainn agus nuálaíochta. Tá infhaighteacht talainn oilte, solúbtha agus éagsúil níos tábhachtaí ná riamh - go háirithe agus Éire san iomaíocht i gcomhair ardluacha, deiseanna fostaíochta tiománaithe ag teicneolaíocht ar feadh ár n-earnálacha FDI targaide. Rátálann comhlachtaí cliaint bonn talainn na hÉireann agus ár gcóras oideachais go hard. In ainneoin sin, cosúil le go leor tíortha eile, tá níos mó deacrachtaí acu ag teacht ar na scileanna a theastaíonn uathu agus teicneolaíocht ag éirí níos uileláithreach ar feadh earnálacha.

Cuireann iomaíochas domhanda ar talann agus teacht an todhchaí béim bhreise ar an riachtanas d'Éirinn infheistiú inár bpobal agus córas oideachais. Áirítear leis sin maoiniú inbhuanaithe sa fadtéarma a chinntiú ar an tríú leibhéal agus foráil oiliúna agus foghlama ar feadh an tsaoil ailínithe le riachtanais fiontair an todhchaí. Is céim thábhachtach chun tosaigh é an polasaí Maoinithe don Todhchaí, de réir fógartha ag an Rialtas le cúpla seachtain anuas, i dtreo dul i ngleic leis an mbearna maoinithe in ardoideachas. Teastaíonn a thuilleadh béime ar chosáin ailtéirneacha don obair chun go mbeidh a thuilleadh éagsúlachta inár bhfórsa saothair, agus is béim thábhachtach iad ar thionscnaíochtaí an Rialtais le déanaí amhail an Plean Gníomhaíochta do Phrintíseachtaí 2021-25. Chomh maith le tacú leo sin atá sa bhfórsa saothair cheana chun uasoiliúna agus infheistiú chun feabhas a chur ar phíblíne talainn don todhchaí ónár gcóras oideachais, ní mór d'Éirinn fanacht oscailte ag cur fáilte roimh dhaoine ó thimpeall na cruinne.

Is príomh-cheist é slándáil soláthair fuinnimh sa téarma atá láithreach romhainn do chomhlachtaí cliaint GFT le riachtanais fuinnimh suntasacha. Go traidisiúnta, tá soláthar fuinnimh dearfach go leor d'Éirinn. In ainneoin sin, le déanaí thuairiscigh cliaint áirithe buairtí do GFT maidir le slándáil an tsoláthair leictreachais agus costas méadaithe leictreachais, gáis agus ola. Tá slándáil an tsoláthair leictreachais an-tábhachtach dár gcomhlachtaí cliaint agus do thimpeallacht ghnó is leithne in Éirinn. Ba chóir gach bearta riachtanacha a ghlacadh chun soláthair leictreachais a ráthú. Soláthraíonn an cúinse reatha bunús freisin chun an t-aistriú go fuinneamh inathnuaite a bhrostú agus deis do ghnóthaí feabhas a chur ar a n-éifeachtacht fhuinnimh agus a lorg charbóin a laghdú.

Sa meántéarma, is tábhachtach scair inathnuaite inár meascán fuinnimh a mhéadú agus cloí leis na targaidí leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide ionas go mbeidh Éire ina suíomh tarraingteach d'infheistiúcháí fós, ar domhain ina bhfuil comhlachtaí ag cur luacha níos mó ar inbhuanaitheacht. Agus Éire ag aistriú i dtreo gilleagair ísealcharbóin roimh 2030 agus gilleagar neodrach ó thaobh carbóin roimh 2050 faoin Aidhm Aeráide Náisiúnta, ní mór dúinn amhlaidh a dhéanamh ar bhealach cothrom ar feadh earnálacha an gheilleagair. I dteannta le fuinneamh iontaofa inacmhainne, is cuid thábhachtach é foráil seirbhísí uisce agus fuíolluisce ar ardchaighdeán freisin lenár dtairiscint luacha as FDI déantúsaíochta.



Maidir le cáin, rinne GFT idirghníomhaíocht fhairsinge le cliaint i dtreo leanúint le cinneadh an Rialtais chun síniú isteach d'athchóirithe cánach corparáideach idirnáisiúnta OECD. Is féidir leis an gcomhaontú cothabháil a cheadú do 12.5% na hÉireann, ag bogadh san am céanna i dtreo ráta 15% iomaíoch do chomhlachtaí a chloíonn leis an teorainn láimhdeachais. Tá comhlachtaí ag leanúint leo i mbun measúnaithe ar an tionchar féideartha ó chomhaontú OECD ginearálta ar a n-oibriúcháin domhanda. Léiríonn aiseolas ó chliaint GFT go dtí seo nach dóchúil go mbeidh aon tionchar suntasach ag athruithe ar a n-oibriúcháin reatha in Éirinn. Léiríonn sreabhadh infheistíochta ar feadh 2021 an muinín leanúnach atá ag infheisteoirí in Éirinn. Leanaimid gearr le comhlachtaí ag monatóireacht ar fhorbairtí ar chur i bhfeidhm an chomhaontuithe domhanda.

Is tábhachtach d'Éirinn a hiomaíochas costais a choinneáil, ag baint le suíomhanna eile chun FDI a mhealladh in earnálacha cosúla do GFT. Tá cuid mhaith de bhrúnna boilscitheacha ar feadh praghsanna tomhaltóra agus táirgeora á dtiomáint ag fachtóirí domhanda nach bhfuil smacht ag Éirinn orthu. De réir réamhaisnéisí náisiúnta agus idirnáisiúnta, beidh ráta boilscithe fós ard, go maith os cionn leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim le linn an dara leath de 2022, d'ainneoin sin, i gcoinníollacha luaineacha, fanann an dearcadh éiginnte go leor. I bhfianaise luais leanúnaigh fáis sa gheilleagar agus an riachtanas ar infheistíocht chaipitil leanúnach chun dul i ngleic le baic ar acmhainn, ní mór dúinn forbairtí phraghais a leanúint go dlúth le cinntiú go bhfanann siad i gcomhréir le suíomhanna eile.

Cuireann ardchostais tithíochta agus easpa infhaighteachta dúshlán ar chomhlachtaí cliaint chun talann a mhealladh agus a choinneáil a theastaíonn uathu chun fás in Éirinn. Cuirtear fáilte roimh thargaidí i straitéis Tithíochta do Chách agus móiminteam feicthe i gcríochnú agus tosú ar áitribh nua thar an dara leath de 2021. Má choinneáiltear an móiminteam sin agus seachadtar ar na gníomhartha agus aidhmeanna fairsinge socraithe ag an Rialtas chun déileáil leis an ngéarchéim tithíochta, bheifí ag dul i ngleic le réimse buairte fadbhunaithe a imreoidh droch-thionchar, mura ndéileáiltear leis, ar ár gcumas sa meántearma chun infheistíocht a mhealladh agus na daoine cumasacha a theastaíonn ón infheistíocht sin.

Tá infreastruchtúr fisiceach agus digiteach na hÉireann stuama agus athléimneach le linn buaicphointe na dteorainneacha sláinte poiblí de bharr Covid-19 le dhá bhliana anuas. Amach romhainn, agus an geilleagar ag leanúint leis á fhairsingiú agus ár ndaonra ag fás is ag obair i mbealaí nua, tá infheistíocht leanúnach i sócmhainn táirgiúil riachtanach chun na baic ar acmhainn a laghdú agus ceadú don gheilleagar a acmhainn a réadú. Leagann Plean Forbartha Náisiúnta amach raon uailmhianach tionscadail infreastruchtúir a chuirfeadh feabhas mór ar an dtimpeallacht oibriúcháin, má réadaítear é, do ghnóthaí agus caighdeán saoil shaoránaigh na hÉireann.

Má dhéantar dul chun cinn le seachadadh éifeachtach tráthúil ar phríomh-thionscadail caipitil straitéiseacha ar feadh réimsí tosaíochta an Rialtais ar infreastruchtúr, tithíocht agus aeráid, chuirfeadh sé sin go mór le cumas GFT chun FDI a bhuanach d'Éirinn sa tréimhse go dtí 2030. Tá tionscadail caipitil móra ag an Stát agus comhlachtaí cliaint GFT faoi réir tacair fairsinge



seiceálacha agus iarmhéideanna. In ainneoin sin, de réir béime roimhe sin ag GFT, is réimse riosca don chlú í éifeachtacht an chórais phleanála, agus nadúr fadtréimhseach an phróisis athbhreithnithe bhreithiúnaigh. Táimid ag tnúth le toradh an athbhreithnithe leanúnaigh le dlíthe pleanála ag an Ard-Aighne.

Conclúid

Tá buntáiste ag Éirinn le haghaidh ratha leanúnaigh, más féidir linn dul i ngleic leis na ceistanna iomaíochais a chuireann riosca ó thaobh srianta ar ár n-acmhainn don rath sa todhchaí. Léiríonn feidhmíocht FDI na hÉireann le deich mbliana anuas go bhfuil go leor ann atá ar siúil i gceart againn mar thír. Tá ár dtairiscint luacha do FDI láidir agus tacaíonn ár dtimpeallacht ghnó leis an infheistíocht nuálaíoch is úire. Tá ardán inmháite FDI againn ar féidir leis, in éineacht le bonn dúchasadh dinimiciúil, fás inbhuanaithe a thiomáint agus deiseanna a chruthú do chách.

Le linn scríbhneoireachta, lean sreabhaidh láidre infheistíochta feicthe in 2021 sa chéad leath de 2022. Ní bheadh na torthaí bainte amach ag GFT Éireann mar atá gan tacaíocht ó go leor geallshealbhóirí, a bhfuilimid buíoch astu, ach go háirithe, ní raibh sé indéanta iad a bhaint amach gan tacaíocht fhlaithiúil, tiomantas gan choinne agus obair foirne GFT Éireann in Éirinn ar fud na cruinne.



Lch
14

STAIRIMH

Staidrimh don Bhliain 2021

Táscairí GFT Éireann

Táscaire	Luach 2021
Líon Iomlán Infheistíochtaí Faofa	249
Líon Infheistíochtaí Greenfield	104
Líon Infheistíochtaí Leathnaithe	87
Líon infheistíochtaí ar Thaighde, Forbairt agus Nuálaíocht	43
Infheistíocht ar Thaighde, Forbairt agus Nuálaíocht	€1.34bn
Infheistíochtaí oiliúna	15
Infheistíochtaí chomhshaoil/inbhuanaithe*	15
% Infheistíochtaí Lonnaithe Amach ó Bhaile Átha Cliath	53%
% na bPost Faofa Amach ó Bhaile Átha Cliath	47%
% na bPost Faofa le Tuarastail os cionn €35,000	94%
Tuarastal Meánach in Infheistíochtaí	57,735
Iomlán Caiteachais inmheánach R&D	€2.8bn

Nóta: * As an méid iomlán 249 infheistíocht fhaofa in 2021, bhí 15 Comhshaoil/Inbhuanaithe agus tá siad san áireamh ar feadh na gcineálacha infheistíochta difriúla aitheanta thuas.

** Tagraíonn sonraí caiteachais inmheánach R&D do 2020.

Foinse Chomhlachtaí Tacaithe ag GFT Éireann 2021

Foinse	Líon na gComhlachtaí	Iomlán Fostaíochta
Stáit Aontaithe	893	190,147
An Ghearmáin	96	14,373
Ríocht Aontaithe	161	9,291
An Fhrainc	78	7,913
An Chuid eile den Eoraip	196	22,651
An Chuid eile den Domhan	267	31,009
Iomlán	1,691	275,384

Foinse:

Suirbhé Fostaíochta Bliantúil DETE 2021. Nóta: Áirítear leis fostaithe lán-aimseartha agus páirt-aimseartha.



Fostaíocht i gCuideachtaí a dTacaíonn GFT leo

don Bhliain dár gCríoch 31 Nollag 2021

		2021 000
Gnóthuithe Poist		29,057
Fostaíocht i gCuideachtaí a dTacaíonn GFT leo		
	2020 000	2021 000
Fostaíocht Iomlán	258,558	275,384
Lán-Aimseartha	237,865	255,491
Eile	20,693	19,893
Glanathrú i bhfostaíocht iomlán	9,869	16,826
% Glanathrú i bhfostaíocht iomlán	4%	6%

Foinse: An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Nóta: Áirítear le Fostaíocht eile fostaithe páirt-aimseartha agus gearrtréimhseach eile faoi chonradh

Fostaíocht Iomlán de réir Réigiúin i gComhlachtaí faoi Thacaíocht DFT Éireann

Réigiún	2017	2018	2019	2020	2021	% Athrú 2020/2021
Teorainn	7,529	7,889	8,392	8,495	8,721	2.7%
Baile Átha Cliath	91,729	99,003	108,385	113,906	123,708	8.6%
Meánoirthear	16,162	17,133	17,773	17,961	18,894	5.2%
Meániarthar	21,153	22,353	23,784	24,095	25,270	4.9%
Lár na Tíre	5,058	5,714	6,202	6,265	6,868	9.6%
Oirdheisceart	12,573	13,324	13,396	13,868	14,932	7.7%
Iardheisceart	39,573	42,087	43,743	46,275	47,572	2.8%
Iarthar	24,173	26,256	27,014	27,693	29,419	6.2%
Iomlán	217,950	233,759	248,689	258,558	275,384	6.5%

Foinse: Suirbhé Fostaíochta Bliantúil DE TE

Nóta: Áirítear leis sin fostaithe páirt-aimseartha, sealadach agus gearrtréimhseach faoi chonradh.

Fostaíocht Iomlán de réir Earnála i gComhlachtaí faoi Thacaíocht DFT Éireann

Earnáil	2017	2018	2019	2020	2021	% Athrú 2020/2021
Seirbhísí Ghnó, Airgeadais agus Eile	37,458	40,733	44,918	47,222	51,053	8.1%
Faisnéis agus Cumarsáid	80,725	87,710	94,107	98,021	106,683	8.8%
Déantúsaíocht Nua-Aoiseach	80,405	84,337	88,740	92,408	96,356	4.3%
Déantúsaíocht Thraidisiúnta	19,362	20,979	20,924	20,907	21,292	1.8%
Gach Earnálacha	217,950	233,759	248,689	258,558	275,384	6.5%

Foinse: Suirbhé Fostaíochta Bliantúil DE TE

Measann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le haghaidh gach 10 bpost ginte ag Infheistíocht Dhíreach Seachtrach (FDI) go díreach, déantar 8 eile a ghiniúint sa gheilleagar is leithne. Cothaíonn sé sin 495,691 post a dtacaíonn FDI leo ag deireadh 2021. Imríonn sochair geilleagrach tánaisteach tionchar dearfach ar thógáil tionscail, san earnáil miondíola agus tionscal fáilteachais.



Áirítear le torthaí ABSEI (Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch) do 2020 (na sonraí is déanaí ar fáil) sonraí i gcomhair Onnmhairithe, Caiteachas Eacnamaíoch na hÉireann, R&D inmheánach agus caiteachas caipitil mar a leanas:

- Mhéadaigh onnmhairithe GFT 9.4% go €291.4bn in 2020.
- D'fhás caiteachas i ngeilleagar na hÉireann 8.9% go €27.9bn in 2020. Tá sé sin comhdhéanta le caiteachas ar phárolla (€16.8bn), seirbhísí na hÉireann (€8.4bn), agus ábhair na hÉireann (€2.6bn).
- D'fhás infheistíocht inmheánach in R&D 7.2% go €2.8bn in 2020.
- rinne cliant GFT infheistíocht €7.5bn i dtionscadail caipitil in 2020.

Bhí Praghsanna Leanúnacha in aghaidh an Jab ag GFT Éireann in 2021

GFT Éireann	207/13	2008/14	2009/15	2010/16	2011/17	2012/18	2013/19	2014/20	2015/21
FTJ* Coinneáilte	44,752	49,452	56,973	69,611	77,099	94,880	104,690	110,063	121,861
CPJS	€13,273	€13,273	€10,983	€9,499	€8,336	€6,779	€5,812	€5,850	€5,586

Foinse: Suirbhé Fostaíochta Bliantúil DETE

Nóta: Chun costas in aghaidh an jab a oibriú amach, glactar san áireamh caiteachas deontais GFT Éireann le gach gnólachtaí sa tréimhse áirimh.

Níl ach poist cruthaithe le linn agus coinneáilte go deireadh gach tréimhse seacht mbliana curtha chun sochair san áireamh.



Lch
19

COMHSHAOIL, SÓISIALTA AGUS RIALACHAS

Comhshaoil

De réir leagtha amach i mbunchloch Inbhuanaitheachta ár straitéise, tá GFT tiomanta chun tacú le aidhmeanna náisiúnta ar an aeráid agus comhshaoil. Le cur chuige tríthaobhach, is aidhm le GFT oibriú le cliaint reatha chun a lorg reatha a laghdú, le infheistíocht nua i ngníomhaíochtaí bainteach leis an eacnamaíocht ghlas agus chun céimeanna a ghlacadh chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht chomhshaoil na Gníomhaireachta féin.

Bhí GFT gníomhach ag plé le comhlachtaí cliaint ar an gcomhshaoil in 2021. De réir luaite thuas, thaifead GFT 15 infheistíocht inbhuanaitheachta comhshaoil ag cliaint don bhliain - tús láidir ar an mbóthar chun ár dtargaid a bhaint amach chun 60 infheistíocht dá leithéid a bhaint amach roimh 2024. Is cuid chomhpháirteach é targaid infheistíochta inbhuanaitheachta le idirghníomhaíocht is leithne GFT le MNC ar an gceist sin. Mar shampla, tá GFT i gcomhpháirtíocht le cliaint chun pleananna gníomhaíochta ar son na haeráide a sheachadadh dá gcuid suíomhanna in Éirinn, ar aidhm leo cleachtais gnó inbhuanaithe freagracha a chur chun cinn, ar féidir leo suíomhanna na hÉireann a chur ar thús thionscnaimh grúpa corparáidigh ar an gcomhshaoil. Beidh Ciste Infheistíochta um Laghdú Astuithe Fiontair seolta le déanaí ag soláthar bealaigh bhreise ina féidir le GFT idirghníomhú le cliaint chun feabhas a chur ar astuithe a n-oibriúcháin in Éirinn.

I gcomhréir le targaidí an earnála phoiblí agus chun cinntiú go léiríonn an Gníomhaireacht dea-chleachtas ar an spás, leanann GFT ag cur i bhfeidhm bearta chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht chomhshaoil oibriúcháin na Gníomhaireachta in Éirinn agus thar lear. Léiríonn sonraí deimhnithe ag Údarás Fuinnimh Inathnuaite na hÉireann (SEAI) gur bhain GFT amach laghdú ginearálta 11.7% ar ídiú fuinnimh bliain ar bhliain in 2020, ag cur úsáide fuinnimh 54.9% faoi bhonn leibhéal bonnlíne 2011. Thit astuithe carbóin ó portfolio maoinne GFT 18.4% bliain ar bhliain in 2020, laghdú 68.6% ar leibhéal bonnlíne 2011¹. Tá go leor tionscnaíochtaí glasa eile ar siúil lena n-áirítear forbairt do phlean gníomhaíochta i gcomhoibriocht le SEAI ar dheiseanna sábhála fuinnimh laistigh portfolio maoinne GFT. Tá Roinn Maoine GFT ag dul ar aghaidh le céimeanna chun ár dtargaid straitéise a bhaint amach chun clár bithéagsúlachta a chur i bhfeidhm ar íosmhéid cúig pháirc gnó GFT, agus sheachadadh ár bhFoireann Tionscnaíochtaí Glasa inmheánacha go leor tionscadail in 2021 lena n-áirítear seisiún faisnéise bithéagsúlachta agus cur i bhfeidhm rianaitheora aschuir charbóin chun faisnéis a thabhairt do chinntí taistil i gcomhair foirne GFT sa mhargadh.

¹ SEAI, Tuarascáil Bliantúil 2021 maidir le Feidhmíocht Éifeachtachta Fuinnimh an Earnála Phoiblí



Sóisialta

Príomh-bhéim le straitéis GFT 2021-24 ná FDI a chur chun cinn agus a mhealladh ar bhealach freagrach inbhuanaithe. Chuige sin, teastaíonn béim ar inbhuanaitheacht de gach cineál, i bhfianaise tionchair FDI nach amháin ar ár gcaipiteal nádúrtha ach ar chaipiteal sóisialta agus daonna freisin. Tá GFT ag plé go gníomhach le saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun ár dtuiscint a dhóimhniú ar conas is féidir linn torthaí inbhuanaithe, ionchuimsitheacha FDI a chur chun cinn. Tugann timpeall dhá thriain de chliant GFT monatóireacht ghníomhach ar a bhfeidhmíocht in aghaidh fachtóirí ESG, lena réimsí béime lena n-áirítear comhionannas, éagsúlacht, agus ionchuimsiú (EDI), forbairt ar láthair oibre, idirghníomhaíocht le geallshealbhóirí/pobal agus tionscnaimh comhshaoil.

Lenár mbonn reatha, soláthraíonn ár gcomhlachtaí cliant poist ardchaighdeáin a íocann go maith agus a sholáthraíonn deiseanna do dhaoine um dul chun cinn. I gcomhair infheistíochta nua, díríonn GFT ar infheistíochtaí le tuarastail bliantúla os cionn an mheáin náisiúnta agus tá próiseas díograis cuimsitheach i bhfeidhm againn inár gcur chuige le tionscadail infheistíochta. Bhí tuarastal meánach i gcomhlachtaí cliant GFT measta 72,890 in 2020, 44% os cionn an mheáin náisiúnta². Beidh sé riachtanach poist ardchaighdeáin an lae inniu, uasoiliúint agus athoiliúint leanúnach a choinneáil. Chaith cliant timpeall €90m freisin ar oiliúint in 2020 i gcomhréir le sonraí ABSEI le déanaí. Tá GFT i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí trí bhunchloch Trasfhoirmithe ár straitéise chun a thuilleadh feabhais a chur ar chaiteachas ar agus idirghníomhaíocht le uasoiliúint ag an mbonn reatha MNC in Éirinn.

Tá cur chun cinn do dheiseanna gaolta le FDI léirithe le fada an lá i gcur chun cinn GFT le forbairt réigiúnach cothromaithe, trína bhfuil infheistíocht dírithe againn ar réigiúin timpeall na tíre a chomhbhailigh ar bhealach eile sa chaipiteal nó a chuaigh áit eile in Eoraip. I mbunchloch Tionchair ár straitéise, leag muid amach ár n-intinn chun tógáil ar an eilimint réigiúnach ionchuimsitheachta sin chun oibriú le cliant chun feabhas a chur ar dheiseanna fostaíochta do ghrúpaí nach bhfuil ionadaíochta ann dóibh. Mar shampla, ar inscne, léirigh sonraí nua bailithe in ABSEI an bhliain seo caite go bhfuil ceannasaíocht bhaininsneach i gcliant GFT i gcomhréir leis an bpictiúr náisiúnta is leithne. D'ainneoin sin, sa cheannasaíocht agus ar feadh gach leibhéal araon is féidir a thuilleadh feabhais a dhéanamh. Is rannpháirtí gníomhach é GFT i nGrúpa Balance for Better Business, a shocraigh targaid do mhná i róil ceannasaíochta ag MNC níos mó in Éirinn ar 40% roimh 2023 ó leibhéal bonnlíne 2020 30%.

² áirimh GFT bunaithe ar shonraí ABSEI do 2020 agus tuillimh iomlán meánacha ón CSO d'fhostaithe lán-aimseartha i ngach earnáil (€50,178)



Aithnímid an riachtanas le cinntiú gur féidir linn na luachanna freagracha, inbhuanaithe, ionchuimsitheacha a chomhlíonadh, a bhfuilimid ag iarraidh a chur chun cinn i measc bhonn FDI. Ní mór do GFT a bheith mar shuíomh tacúil, éagsúil, ionchuimsitheach ina féidir le comhoibrithe oibriú, forbairt, agus rath a bhaint amach. Le linn cuid mhór 2021, lean foirne GFT timpeall na cruinne ag obair go cianda. D'fhan leibhéil feidhmíochta an-ard, de réir léirithe ag torthaí gan choinne leagtha amach thuas agus ag aiseolas dearfach leanúnach ó chliant ar an leibhéal seirbhíse soláthraithe ag GFT. D'ainneoin sin, fanann siad sin mar amanna an-dúshlánacha agus sábháilteacht agus folláine na gcomhoibrithe mar thosaíocht dúinn. Le linn 2021, sholáthair GFT go leor acmhainní agus tacaíochtaí dár bpobal chun cuidiú le hobair ón bhaile agus an filleadh go dtí an oifig a dhéanamh ar deireadh faoi réir ár socrúcháin oibre hibrideacha nua chomh héasca agus is féidir.

Chuir GFT tús freisin le cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta ceithre bhliana nua um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (EDI) a dhíríonn ar an ról mhúnlú d'iompair ionchuimsitheacha, ag cruthú agus ag coinneáil cultúir ionchuimsithigh agus ag méadú ár n-éagsúlachta inmheánaí. Bhí raon fairsing ghníomhaíochtaí EDI agus tionscnaimh le linn 2021 chun tacú leis na aidhmeanna sin lena n-áirítear trí ócáid ancaraíthe dírithe ar dhínit agus meas sa láthair oibre. Cuireadh béim ar sheisiúin oiliúna freisin, le oiliúint ar an ábhar dínite agus measa sa láthair oibre, sraith claontachtaí neamh-chomhfhiosacha á n-eagrú do chomhoibrithe ag gach leibhéal na heagraíochta agus Feasacht ar Chultúr Bodhar agus ADHD. Tá áthas ar IFA freisin leanúint lenár gcomhpháirtíocht leis an Tionscnamh Dorais Oscailte chun ár dtacaíocht a mhéadú ar éagsúlacht inmheánach.

Chomh maith leis, bhí bliain rathúil ag Freagracht Shóisialta Corparáideach (CSR) faoi cheannas foirne GFT, le comhoibrithe ar fud na Gníomhaireachta ag tiomsú airgid agus feasachta dár gcomhpháirtithe catharnachta - DEBRA Éireann in 2021/22 agus Jigsaw in 2020/21. Chuidigh obair an Choiste CSR a thuilleadh feabhais a chur le idirghníomhaíocht GFT le raon leathan geallshealbhóirí na sochaí. Thug a ghníomhaíochtaí 2020 agus 2021 foireann GFT le chéile, cé go raibh sé go fíorúil, ag amanna le linn na paindéime ag nascadh le comhoibrithe ar feadh na heagraíochta agus bhí sé níos dúshlánaí ná de ghnáth.



Lch
23

AIRGEADAIS

RÁITIS

An tArd-Reachtair Cuntas & Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail Éireann

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Thug mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais le Gníomhaireacht Fhorbartha Tionsclaíoch na hÉireann (GFT Éireann) don bhliain dár gcríoch 31 Nollaig 2021 de réir riachtanais fhorálacha pharagraf 7 an chéad sceidil le Acht Forbartha Tionsclaíoch 1993. Comhdhéanann na ráitis airgeadais:

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus stoic ioncaim coinneáilte
- ráiteas ioncaim chuimsithigh
- ráiteas ar staid an airgeadais
- ráiteas ar sreabhaidh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe cuntasaióchta suntasacha.

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor cóir ar na sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais GFT Éireann ag 31 Nollaig 2021 agus ar a ioncaim agus caiteachas do 2021 i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 - an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhmithe in UK agus Poblacht na hÉireann.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchadh (ISA) de réir fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin in agusín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách le GFT Éireann agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur dóthanach agus cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a leagan do mo thuairim.

An tArd-Reachtair Cuntas & Ciste


Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tuarascáil ar fhaisnéis eile ná na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Thug GFT Éire faisnéis áirithe eile in éineacht leis na ráitis airgeadais. Comhdhéanann sé sin an tuarascáil bliantúil, lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus tuarascáil ar bhaill an Bhoird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach.

Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí um thuairisciú maidir leis an bhfaisnéis sin, agus ar ábhair áirithe eile a dtugaim tuairisciú orthu de réir éisceachta, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis sin.



Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

15 Meitheamh 2022



Aguisín ar an tuarascáil

Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Mar a leagtar amach sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá na comhaltaí Boird freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 7 den chéad sceideal den Acht um Fhorbairt Tionscail 1993,
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas cothrom fíor de réir FRS102,
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas an bhfuil prionsabal cuntasaiochta an ghnóthais leantaigh á úsáid mar is cuí, agus
- aon rialú inmheánach a mheasann siad go bhfuil gá leis chun ráitis airgeadais atá saor ó mhíríteas ábhartha a ullmhú, cibé acu an de bharr calaoise nó earráide a tharlaíonn sé.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 7 den chéad sceideal den Acht um Fhorbairt Tionscail 1993 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais GFT Éireann agus tuairisc a thabhairt faoi do Thithe an Oireachtais.

Is í an aidhm atá agam agus mé ag déanamh an iniúchta ná ráthaíocht réasúnach a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha. Is ionann ráthaíocht réasúnach agus leibhéal ard ráthaíochta, ach ní barántas é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna míráiteas ábhartha nuair is ann dó. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha, ina n-aonar nó go comhiomlán, má cheaptar go réasúnach go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíochta a thógann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, cuirim i bhfeidhm mo bhreith ghairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil orm féin. Agus mé á dhéanamh,

- Aithním agus tugaim measúnú ar an riosca mí-ráitis ábhartha ar na ráitis airgeadais, i ngeall ar chalaois nó botún; déanaim dearadh agus nósanna imeachta iniúchta mar fhreagra do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta dóthanach agus cuí le bonn a leagan do mo thuairim. Tá riosca níos airde ag baint leis mura mbraitear míráiteas ábhartha a bhaineann le calaois seachas le hearráid, mar go bhféadfadh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh bheartaithe, mífhaisnéisí, nó scoitheadh rialú inmheánach a bheith mar chuid de.

Aguisín ar an tuarascáil ar lean

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun modhanna iniúchta a dhearadh a bheidh oiriúnach sna himthosca, ach ní chun críoche tuairim a thabhairt ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha é sin.
- Measúnaim ábharthacht na bpolasaithe cuntasáíochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasáíochta agus na nochtuithe a bhaineann leo.
- Déanaim cinneadh faoi oiriúnacht na húsáide a baineadh as prionsabal cuntasáíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúchta a fhaighim, cinnim cibé acu an bhfuil no nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann leis na himeachtaí nó le coinníollacha a chaitheadh amhras suntasach ar chumas GFT Éireann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantaigh. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá sé de dhualgas orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe a bhaineann leis sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil na nochtuithe sin sásúil, mo thuairim a athrú. Tá mo chinneadh bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta na tuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh ar chumas GFT Éireann leanúint mar ghnóthas leantaigh de bharr imeachtaí nó coinníollacha sa todhchaí.
- Déanaim cur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais a mheas, na nochtuithe san áireamh, agus déanaim cinneadh faoi cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach a thugann léargas cóir nó nach léiríonn.

Déanaim teagmháil leo siúd a bhfuil cúram orthu faoi rialachas maidir leis an scóip agus am atá beartaithe don iniúchadh agus torthaí iniúchta suntasacha, i measc ábhair eile, agus aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a sainaitnínm le linn mo chuid iniúchta.

Tuairiscím freisin de réir eisceachta, i mo thuairim,

- Mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim do m'iniúchadh faighte agam, nó
- nó mura raibh na taifid chuntasáíochta dóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- mura raibh na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáíochta.

Aguisín ar an tuarascáil ar lean

Eolas seachas na ráitis airgeadais

Ní chlédaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile a thugtar leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon tátail ráthaíochta ina thaobh.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna eolas eile a chuirtear faoi mo bhráid a léamh agus, é sin á dhéanamh agam, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an t-eolas eile ar neamhréir go bunúsach leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an mbreathnaíonn sé go bhfuil míráiteas ábhartha de chineál eile ann. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go gcinnim go bhfuil míráiteas ábhartha san eolas eile seo, tá sé do dhualgas orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích le tagairt do na gnéithe speisialta a ghabhann le bainistiú agus le feidhmiú comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus a n-oibriúcháin. Tuairiscím má aithním nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an mbealach inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Féachaim le fianaise a fháil i gcúrsa an iniúchta ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Déanaim tuairisc dó má aithním aon chás ábhartha nár úsáideadh airgead poiblí chun na críche a leagadh síos ina leith nó sa chás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a bhí á rialú.



Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Rialachas

Is gníomhaireacht reachtúil uathrialach í GFT Éireann a bunaíodh faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1986 - 2019. Feidhmíonn an Gníomhaireacht i gcomhréir le forálacha na nAchtanna agus faoi choimirce an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, a bhfuil sé de chumhacht aige nó aici cistí a sholáthar chun a chuid oibleagáidí a chur i gcrích agus treoracha ginearálta beartais a eisiúint/eolas a lorg faoi ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.

Cé gurb iad na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail an phríomhfhoinsé rialachais chorparáide do GFT Éireann, tá dualgas ar an nGníomhaireacht freisin cloí le raon riachtanas reachtúil (Náisiúnta agus AE) agus d'aon riachtanas riaracháin eile. Dearbhaíonn GFT Éireann go bhfuil a cuid oibleagáidí comhlíonta aige maidir leis na riachtanais seo ar fad. Thar aon rud eile, tá na nósanna imeachta a leanas i bhfeidhm ann, chun comhréireacht a chinntiú le riachtanais sonracha:

1. Riachtanais Ghinearálta Riaracháin agus Bheartais

Oibríonn an Gníomhaireacht ag leibhéal náisiúnta le hÚdaráis Áitiúla, Forais Oideachais, Gníomhaireachtaí Stáit eile agus le réimse leathan Eagraíochtaí Áitiúla/Ionadaithe Poiblí chun an timpeallacht áitiúil a fhorbairt a bhfuil gá leis chun infheistíocht nua a mhealladh. Leanann an Gníomhaireacht go dlúth le hÚdaráis Áitiúla, Forais Oideachais, Gníomhaireachtaí eile an Stáit agus raon leathan Eagraíochtaí/Ionadaithe Poiblí Áitiúla chun an rialtas áitiúil a fhorbairt ionas gur féidir infheistíocht nua a mhealladh. Tá GFT Éireann ag cur i bhfeidhm treorach polasaithe eisithe ag an Aire Fiontar, nTrádála agus Fostaíochta ar an 18 Nollaig 2006, le riachtanas go mbeidh GFT ag cloí le gach Treoirlínte ábhartha, Rialacháin Blocdhíolúine, Creata agus scéimeanna maidir le Cúnamh Réigiúnach agus deontais taighde agus forbartha a sholáthar.

2. Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Ráiteas Comhréireachta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhréireacht a chinntiú leis an gCód. Chloígh GFT Éireann go hiomlán leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le haghaidh 2021, faoi réir tarscaoilte ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le riachtanas i gCiorclán 2014, mar atá luaite sa Ráiteas um Rialú Inmheánach.

Alt 2.6: Arna chomhlíonadh ag Cathaoirleach an Bhoird i litir ar leith a thugtar don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Ailt 1.8 & 7.5 (iii): Tá córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á chothú agus á fheidhmiú ag an nGníomhaireacht (Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais, Lch 45).

Alt 9: Tá beartas an Rialtais um pá na bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus na bhfostaithe i gcomhlachtaí Stáit á chomhlíonadh (Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 2021, Lch 29 agus na Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais Uimh, leathanaigh 45-79).

Ailt 1.15 agus 1.17: Thug an Bord faomhadh do straitéis ceithre bhliana GFT do bhlianta 2021-2024. Lena chois sin, tá an Bord tar éis próisis a bhunú d'fhonn pleanáil chorparáideach fhónta a chinntiú, etc., de réir mar a éilítear san Alt seo (Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 2021, lethanach 29 agus Ráiteas ar Rialú Inmheánach, Lch 45).

Alt 9: Léiríonn nósanna imeachta taistil GFT Éireann riachtanais beartas taistil an Rialtais agus táthar ag cloí leis na nósanna imeachta sin.

Alt 8.47: Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird, sa litir ar leith a thugtar don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, go bhfuil GFT tar éis a cuid oibleagáidí faoin dlí cánach a chomhlíonadh.

Tá na scéimeanna agus na cláir arna riar ag GFT Éireann i gcomhréir leis an reachtaíocht a rialaíonn feidhmiú na Gníomhaireachta agus tá córais bhainistíochta riosca ábhartha i bhfeidhm.

3. Ráiteas Cleachtais Sp-It/1/04 na gCoimisinéirí Ioncaim ar Chóireáil Cánach Luach Saothair do Chomhaltaí na gCoistí agus na mBord Stáit agus Stát-Urraithe

Cloíonn GFT Éireann go hiomlán leis an Ráiteas Cleachtais seo.

4. Treoirínite maidir le Luacháil agus Bainistiócht ar Chaiteachas Caipitil

Tá nósanna imeachta láidre bunaithe le fada ag Tairiscintí GFT Éireann i ndáil le Luacháil agus Bainistiú na dtionscadal Infheistíochta Capitiúla a eascraíonn ó chláir na nDeontas Caipitiúil nó Maoine. Tá na prionsabail atá sonraithe sna Treoirínite do Luacháil agus Bainistiú na dTograí Infheistíochta Caipitiúla á gcomhlíonadh ag na nósanna imeachta seo.



Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

5. Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Is tosaíocht bhunaithe é comhionannas do GFT Tá clár oibre forásach ag an eagraíocht agus tá clár éagsúlachta agus tionscnaimh nua á bhforbairt ar bhonn leanúnach. Déanann GFT Éireann a dhícheall a bheith mar fhostóir comhionannais ina spreagtar cúnamh aonair agus tugtar ardluach do dhifriochtaí. Chuige seo, tá sí tiomanta do chinntiú nach bhfaighidh aon chomhalta foirne de chuid GFT Éireann, ná iarrthóir ar fhostaíocht in GFT Éireann, cóir is lú fabhar ná duine ar bith eile ar fhorais gnéis, stádas pósta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonta, creidimh, aoise, míchumais, cine, nó toisc gur den lucht siúil iad nó ar aon fhorais eile nach mbaineann le dea-chleachtas fostaíochta. Baineann sé seo le hearcaíocht, coinníollacha oibre agus deiseanna forbartha.

Tá GFT tiomanta do thimpeallacht chothromaithe oibre/saoil a chothú agus a fhorbairt don fhoireann trí chéile.

6. An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

Leanann GFT Éireann le bearta oiriúnacha a ghlacadh de láimh chun sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí agus cuairteora laistigh dá hoifigí a chosaint agus ar mhaithe le forálacha an Achta seo a chomhlíonadh. Baineann sé seo freisin leis na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004.

7. Acht Rannpháirtíochta Oibrithe (Fiontar an Stáit), 1988

Tá struchtúir comhairleacha ag oibriú go héifeachtach in GFT Éireann agus is gné aitheanta iad le struchtúr cumarsáide agus comhairleach na heagraíochta. Glacann an lucht bainistíochta agus an fhoireann araon leis an gComhchoiste Comhairleach mar phróiseas dearfach. Leis sin, leanaimid linn i gcomhpháirtíocht leis an gCeardchumann in GFT i gcomhair dul chun cinn d'aon ghníomhartha ag eascrú Ó chomhaontú seirbhíse poiblí reatha 2021-2022 “Ag Tógáil Móimintim”.

8. An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

I gcomhréir leis na hAchtanna anseo thuas tá ráitis leasa a chloíonn le forálacha na nAchtanna comhlánaithe ag Comhaltaí Boird agus comhaltaí foirne GFT Éireann a bhfuil poist ainmnithe acu.

9. An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Cloíonn GFT Éireann leis an Acht seo. Ba chóir iarratais ar fhaisnéis faoin Acht seo a sheoladh chuig an bhFeidhmeannas um Shaoráil Faisnéise, GFT Éireann, 3 Park Place, Sráid Haiste Uachtarach, Baile Átha Cliath 2. D02 FX65.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

10. Éifeachtúlacht Fuinnimh

Ag cloí le meamram an Rialtais ó mhí an Mheithimh 2001, cuireann GFT Éireann prionsabail an ‘dea-chleachtais’ i ndearadh, pleanáil, tógáil oifige agus foirgnimh déantúsaíochta ar a Pháirceanna Gnó agus Teicneolaíochta i ngach cás. Chomh maith leis sin, tá prionsabail an ‘dea-chleachtais’ á gcomhlíonadh ag oifigí GFT Éireann sna réigiúin. Tá Ceanncheathrú Dhomhanda ag GFT ag Three Park Place a bhfuil Rátáil Fuinnimh Foirgnimh A3 agus deimhniú ‘WiredScore Platinum’ aige. Áirítear le gnéithe an fhoirgnimh insliú imchluaigh foirgnimh ardchaighdeán, stóráil theirmeach, bailiú báistí, painéil fhótavoltacha, cumhacht is teas in éineacht le haghaidh giniúint fuinnimh agus soilsiú LED.

11. (I) Íoc Pras Cuntas

Leasaíodh an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 (an tAcht) ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2013, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2014. Tá an lucht bainistíochta sásta gur chloígh an GFT le forálacha an Achta (mar a leasaíodh) sna gnéithe ábhartha uile.

11. (II) Íocaíocht Phras le Soláthraithe

Tá GFT Éireann tiomanta dá hoibleagáidí faoin Riail Íoc Pras 15 lá a chomhlíonadh, riail a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2011. Cinntíonn an fhoráil seo go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe i ndáil le gach sonrasc bailí faighte laistigh de 15 lá féilire. Tuairiscíonn GFT Éireann ar bhonn ráithiúil sa chuid ‘Rialachas Corparáideach’ (Corporate Governance) den láithreán gréasáin ar chur chun feidhme na Rialach Íoc Pras 15 lá.

12. Nochtadh Cosanta

I gcomhréir leis an gceanglas dlíthiúil faoi alt 21 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, tá nósanna imeachta deimhnithe agus á gcothú ag GFT Éireann maidir le nochtadh cosanta ag oibrithe a bhí, nó atá fostaithe ag GFT Éireann agus chun déileáil leis an nochtadh a dhéantar. Fuair an fhoireann faisnéis scríofa ó GFT Éireann a bhain le nósanna imeachta um nochtadh cosanta. Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta le GFT Éireann in 2021.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Freagrachtaí an Bhoird

Bunaíodh Bord GFT Éireann faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionscal 1993. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 8 den Acht sin. Tá an Bord cuntasach don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus tá freagracht orthu rialachas maith a chinntiú agus comhlíonann siad an tasc seo trí aidhmeanna agus spriocanna a shocrú agus cinntí straitéiseacha a thógáil i leith gach príomhcheist gnó. Is ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagracht maidir le bainistíocht, rialú agus treoir GFT Éireann ó lá go lá. Caithfidh an POF agus an fhoireann ardbhainistíochta an treoir straitéiseach leathan atá socruithe ag an mBord a leanúint, agus a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh tarlú. Oibríonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus bainistíocht GFT Éireann.

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i Lámhleabhar Rialachais Corparáideach ina bhfuil na hábhair freisin atá forchoimeáda go sonrach do chinntí an Bhoird. Ar na buan-mhíreanna a mheasann an Bord tá:

- dearbhú leasa,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmiúcháin, agus
- ábhair forchoimeáda.

Ceanglaíonn Alt 7 (2) den Chéad Sceideal den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986, ar Bhord GFT Éireann gach cuntas cuí agus gnách i ndáil leis an airgead a fuarthas agus a caitheadh a choinneáil, i cibé foirm agus a fhaomhann an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Éilítear ar Bhord GFT Éireann agus iad ag ullmhú na ráitis airgeadais sin:

- polasaithe cuntasáochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta,
- tuairimí agus meastacháin a thabhairt atá réasúnach agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh, seachas mura cuí glacadh leis go leanfaidh sé in oibriúchán, agus a dheimhniú go bhfuiltear ag cloí le caighdeáin cuntasáochta infheidhmithe, faoi réir aon imeachtaí ábhartha nochtaithe agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais na Gníomhaireachta agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 7 (2) den Chéad Sceideal den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986. Tá cothabháil agus ionracas an eolais chorparáide agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin GFT Éireann mar fhreagracht an Bhoird.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmiúchán GFT Éireann trí thagairt a dhéanamh don phlean agus buiséad bliantúil ar an 10ú Feabhra 2022.

Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní uile na Gníomhaireachta a chosaint agus dá réir sin as bearta réasúnta a dhéanamh de lámh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais GFT Éireann léargas cothrom fíor d'fheidhmíocht airgeadais agus do staid airgeadais GFT Éireann amhail ar an 31 Nollaig 2021.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach, POF agus suas go dtí deichniúr gnáthchomhaltaí ar an mBord, agus tá siad ar fad ceaptha ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ceaptar comhaltaí an Bhoird do thréimhse cúig bhliana agus tagann siad le chéile 10 n-uaire sa bhliain nó níos minice más gá. Tugann an tábla thíos mionsonraí ar an tréimhse ceapacháin do na baill reatha:

Ball an Bhoird	Ról	Dáta Ceapacháin
Frank Ryan	Cathaoirleach	1ú Eanáir 2014 (ar scor ón 31 Nollaig 2018. Ath-cheaptha 1 Eanáir 2019)
Martin Shanahan	CEO	31ú Lúnasa 2014
Geraldine McGinty	Gnáth-bhall	8ú Lúnasa 2014 (ar scor ón 31 Nollaig 2017. Ath-cheaptha Dé hAoine 26 Eanáir 2018. Ar scor ón 1ú Mheán Fómhair 2021)
Barry O’Sullivan	Gnáth-bhall	4ú Mheán Fómhair 2015 (ar scor ón 31 Nollaig 2018. Ath-cheaptha 1 Eanáir 2019)
Marian Corcoran	Gnáth-bhall	26ú Lúnasa 2016 (ar scor ón 31 Nollaig 2020. Ath-cheaptha Dé hAoine 1 Eanáir 2021)
Dermot Mulligan	Gnáth-bhall	2ú Dheireadh Fómhair 2016 (ar scor ón 31 Nollaig 2020. Ath-cheaptha Dé hAoine Déardaoin 14 Eanáir 2021. Ar scor ón 31ú Nollaig 2021)
Mary Mosse	Gnáth-bhall	17ú Mheán Fómhair 2017. Ar scor ón 31ú Nollaig 2021
Kevin Cooney	Gnáth-bhall	8ú Mheithimh 2018
Thomas (Tony) Kennedy	Gnáth-bhall	8ú Mheithimh 2018. Ar scor ón 31ú Nollaig 2021. Ath-cheaptha 2ú Márta 2022)
Ann Hargaden	Gnáth-bhall	27ú Samhna 2020
Regina Moran	Gnáth-bhall	27ú Samhna 2020
Bill O’Connell	Gnáth-bhall	27ú Samhna 2020
Declan Hughes	Gnáth-bhall	8ú Feabhra 2022

Rinne an Bord Athbhreithniú ar Éifeachtacht agus Measúnú an Bhoird, críochnaithe i Nollaig 2021.

Príomh-athruithe i bPearsanra – Baill an bhoird mar thuas. Ag leibhéal Bainistíochta Shinsearaigh (Bainisteoir an Rannáin nó níos airde), rinneadh na athruithe a leanas le linn 2021: Bhí Donal Travers ceaptha mar Bhainisteoir Rannáin i Márta 2021; d’éirigh Leo Clancy as mar Bhainisteoir Rannáin i mBealtaine 2021; ceapadh Shane Nolan mar Bhainisteoir Rannáin i mBealtaine 2021.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Bord 2021

Feidhmíonn an Bord de réir na bprionsabal dea-chleachtais um rialachas corparáideach agus de réir na dtreoirínite atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ina chuid gníomhaíochtaí féin agus san úsáid a bhaineann sé as coistí araon.

Tá sé freagrach as beartais ghinearálta na heagraíochta a cheapadh agus a cuid oibriúcháin a mhaoirsiú. Déanann sé na feidhmeanna seo go díreach agus trí Choistí Boird fócasaithe Is í an fhoireann bhainistíochta feidhmiúcháin atá freagrach as an mbeartas a chur chun feidhme.

Tá údarás reachtúil ag an mBord chun cúnamh deontais a fhaomhadh suas go dtí na leibhéil atá sonraithe sna hAchtanna um Fhorbairt Tionscail agus cúnamh deontais sa bhreis ar na leibhéil shonraithe a mholadh don Rialtas. De réir na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, soláthraíonn Comhaltaí Boird GFT Éireann Ráiteas Leasanna don Rúnaí agus don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

I gcomhréir leis an 'gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit' 2016, cloíonn GFT Éireann go hiomlán le beartas an Rialtais i ndáil le pá Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus fostaithe Comhlachtaí Stáit agus le treoirínite an Rialtais i ndáil le muirir a íoc le Comhaltaí Boird.

Frank Ryan

Cathaoirleach, GFT Éireann

Martin Shanahan

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, GFT Éireann

Geraldine McGinty

Ollamh Comhlach le Raideolaíocht Chliniciúil agus Eolaíocht Daonra, Weill Cornell Medical College, Nua Eabhrac
Raideolaí Freastail Cúnta, Ospidéal Preispitéireach Nua Eabhrac

Marian Corcoran

Bunaitheoir MC 2 Change Limited

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Dermot Mulligan

Ard-Rúnaí Cúnta

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Barry O’Sullivan

Leasuachtarán Déantúsaíochta, Johnson and Johnson Vision Care

Mary Mosse

Stiúrthóir Chomhlachta Cuain Phort Láirge

Ball an Choimisiúin Pá Íseal

Scrúdaitheoir Seachtrach, Cardiff Metropolitan University

Thomas (Tony) Kennedy

POF, Tawin Consulting

Kevin Cooney

a bhí mar Leasuachtarán Sinsearach, Stiúrthóir

Bainistíochta EMEA, CIO, Xilinx Inc

Ann Hargaden

Sainchomhairleoir, Lisney Ireland.

Bill O’Connell

Príomhaí, BOC Consulting Services

Regina Moran

Leasuachtarán, Tionscadail Straitéiseacha & Athrú

Fujitsu

John Nolan

Rúnaí, GFT Éireann

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Tugtar achoimre ar struchtúr choistí an Bhoird thíos.

An Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca

Cuidíonn sé agus tacaíonn sé leis an mBord i ndáil lena fhreagrachtaí dlíthiúla agus cuntasáíochta a chomhlíonadh; déanann sé cumarsáid le hiniúcháirí seachtracha agus déanann sé measúnú agus rialú ar an bhfeidhm iniúchta; athbhreithnithe ar phleanáil airgeadais agus an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh. sé maoirseacht freisin ar chur chun feidhme bheartas riosca na heagraíochta lena n-áirítear forbairt a chlár riosca agus monatóireacht ar shocruithe buiséadaithe agus baincúireachta.

Baill 2021

Geraldine McGinty (Cathaoir) (ar scor ón 1ú Mheán Fómhair 2021)

Tony Kennedy (Cathaoir Gníomhach 1ú Mheán Fómhair 2021)

Dermot Mulligan

Ann Hargaden

Regina Moran

Liam Rattigan (ar scor ón 31 Márta 2021) (Ball den Choiste Seachtrach)

John Glennon (ceaptha 1ú Nollag 2021) (Ball an Choiste Sheachtraigh)

An Coiste Forbartha Réigiúnaigh agus Maoine

Sholáthraíonn sé treoir faoi ghnéithe forbartha réigiúnaí de Straitéis GFT a chur chun feidhme. Déanann sé athbhreithniú agus monatóireacht ar spriocanna réigiúnacha bliantúla agus carnacha GFT agus ar a rannpháirtíocht i bhforbairt straitéise náisiúnta agus réigiúnaí. Déanann sé athbhreithniú ar bheartas i ndáil le maoiniú, soláthar, cothabháil agus diúscairt maoine; déanann sé nósanna imeachta a fhaomhadh maidir le tairiscintí agus bronnadh conarthaí agus caiteachas/díolachán a fhaomhadh ar os cionn €12 milliún.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Baill 2021

Marian Corcoran (Cathaoir)

Dermot Mulligan

Mary Mosse

Barry O'Sullivan

Geraldine McGinty (ar scor ón 1ú Mheán Fómhair 2021)

Bill O'Connell

Ann Hargaden

Martin Shanahan

An Coiste Nuálaíochta agus Forbartha Inbhuanaithe

Soláthraíonn sé treoraíocht ar chur chun cinn forbartha eacnamaíoch inbhuanaithe GFT i gcomhréir le polasaí an Rialtais; tacú le trasfhoirmiú earnála agus an tionscail trí nuálaíocht, forbairt ar chaipiteal daonna agus glacadh teicneolaíochtaí déantúsaíochta; agus ar thaighde agus forbairt a mhéadú ag comhlachtaí.

Baill 2021

Barry O'Sullivan (Cathaoir)

Mary Mosse

Kevin Cooney

Dermot Mulligan

Tony Kennedy

Bill O'Connell

Regina Moran

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

An Coiste Forbartha Eagraíochtúil

Déanann sé athbhreithniú ar fheidhmíocht na foirne bainistíochta sinsearaí agus téann sé i mbun pleanála i leith forbairt agus comharbas bainistíochta.

Soláthraíonn an Coiste treoraíocht freisin ar fhorbairt eagraíochtúil agus ar Pholasaí Éagsúlachta agus Ionchuimsithe na Gníomhaireachta.

Baill 2021

Frank Ryan (Cathaoir)

Marian Corcoran

Martin Shanahan

Kevin Cooney

An Coiste Infheistíochta ar Bhainistíocht

Tugann sé athbhreithniú ar gach tairiscintí ar chúnamh deontais agus molann sé iad don Bhord. Faoi réir cumhachtaí tarmligthe ag an mBord, tugann an Coiste faomhadh do dheontais ar suas go dtí uasmhéid €900,000.

Baill 2021

Martin Shanahan (Cathaoir)

Mary Buckley

Eileen Sharpe

Regina Gannon

Denis Curran

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Sceideal an Bhoird ar Fhreastal, Muirir agus Caiteachais

Tá sceideal freastail ag cruinnithe an Bhoird agus an Choiste do 2021 leagtha amach thíos lena n-áirítear muirir agus caiteachais faighte ag gach ball.

	Bord	Iníúchadh, Airgeadais & Riosca Coiste	Réigiúnach Forbairt & Maoin Coiste	Eagraíochtúil Forbairt Coiste	Nuálaíocht & Earnála Forbairt Coiste	Muirir 2021 €	Caiteachais 2021 €
Líon na gCruinnithe	10	5	10	7	9		
Frank Ryan (Cathaoirleach)	10	-	-	7	-	20,520	64
Martin Shanahan (Príomhfheidhmeannach)	10	-	9	5	-	-	-
Kevin Cooney	10	-	-	7	9	11,970	-
Marian Corcoran	10	-	10	6	-	11,970	-
Ann Hargaden	10	5	10	-	-	12,968	-
Tony Kennedy	9	4	-	-	8	11,970	-
Geraldine McGinty	6	2	5	-	9	7,980	-
Regina Moran	9	4	-	-	7	12,968	-
Mary Mosse	10	-	9	-	9	11,970	-
Dermot Mulligan	9	5	8	-	5	-	-
Bill O'Connell	10	-	10	-	9	12,968	-
Barry O'Sullivan	10	-	9	-	9	11,970	-
						127,254	64

Bhí caiteachais Bhaill an Bhoird in 2021 ar iomlán €64 breactha síos €Nil lóistín agus €64 taistil, maireachtála agus bia dearbháin eile. Ní raibh aon chruinnithe Réigiúnach nó Thar Lear an Bhoird in 2021. Áirítear le muirir do Ann Hargaden, Regina Moran agus Bill O'Connell cruinniú freastalaithe i Nollaig 2020.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Nochtuithe Riachtanach de réir Cóid Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chloígh GFT le riachtanais an Chóid Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí an Stáit (“an Cód”), de réir foilsithe ag an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Teastaíonn na nochtuithe a leanas de réir an Chóid.

Miondealú Tuarastail Bhuan

Sochair Fostaithe

€60,000 go €70,000
€70,001 go €80,000
€80,001 go €90,000
€90,001 go €100,000
€100,001 go €110,000
€110,001 go €120,000
€120,001 go €130,000
€130,001 go €140,000
€140,001 go €150,000
€150,001 go €160,000
€160,001 go €170,000
€170,001 go €180,000
€180,001 go €190,000
€190,001 go €200,000

Líon na bhFostaithe

2021	2020
41	34
23	35
41	28
22	33
11	11
7	5
3	1
2	-
5	2
2	9
3	3
1	1
-	1
1	-

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Costais Comhairliúcháin

Áirítear le costais comhairliúcháin costas comhairle sheachtraigh don bhainistíocht agus níl feidhmeanna 'gnó mar is gnáth' seachfhoinsithe san áireamh.

	2021 €'000	2020 €'000
Comhairle Dlí	1,327	763
Measúnú agus Staidéir Tráchtála agus Teicniúil	306	187
Comhairle Airgeadais / Achtúireach	12	34
Acmhainní Daonna	54	93
Feabhas Gnó	55	2
Eile	37	83
	1,791	1,162
Costais comhairliúcháin caipitlithe	-	-
Costais comhairliúcháin gearrtha le loncam agus Caiteachas agus Coinneáilte i gCúlchistí loncaim	1,791	1,162
	1,791	1,162

Costais agus Socraíochtaí Dlí

Tugann an tábla thíos miondealú ar mhéideanna atá aitheanta mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus próisis chomhréitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Níl caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí ginearálta a fuair an GFT agus atá nochtaithe sna costais Chomhairleachta thuas san áireamh.

	2021 €'000	2020 €'000
Muirir Dlí - Imeachtaí Dlí	1,138	625
Íocaíochtaí Chomhréitigh agus eadránaithe	-	-
Socraíochtaí	-	-
	1,138	625

Baineann Costais Dlí le dhá imeacht dlí atá ar siúl ina bhfuil páirt ag GFT ann.
Íocadh costais breise ag comhlacht árachais GFT maidir le ceann de na hábhair.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Tá catagóiriú déanta ar chaiteachas taistil agus cothabhála mar a leanas:

	2021 €'000	2020 €'000
Intíre		
- Bord	-	4
- Fostaithe	174	404
Idirnáisiúnta		
- Bord	-	2
- Fostaithe	47	355
	<hr/>	<hr/>
	221	765

Caiteachas Fáilteachais

Tá an caiteachas fáilteachais seo a leanas san áireamh le Cuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2021 €'000	2020 €'000
Intíre		
- Bord	-	-
- Fostaithe	-	9
Idirnáisiúnta		
- Bord	-	-
- Fostaithe	-	-
	<hr/>	<hr/>
	-	9

Frank Ryan
Cathaoirleach



Martin Shanahan
Chief Executive



Dáta:
13ú Mheithimh 2022

Ráiteas ar an Rialú Inmheánach

Scóip Freagrachta

Thar ceann Bhord an GFT, aithním ár bhfreagracht as cinntiú go gcoinníonn agus go bhfeidhmíonn an Ghníomhaireacht córas éifeachtúil um rialú inmheánach airgeadais. Tugann an fhreagracht seo cuntas ar riachtanais Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Aidhm an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach deartha le riosca a bhainistiú go leibhéal measartha ní le fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú lándearfa a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha coiscthe nó go mbraithfear iad in am tráthúil.

Cuireadh an córas um rialú inmheánach, atá ag teacht leis na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar bun in GFT don bhliain dar críoch Dé hAoine 31 Nollaig 2021 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Tarscaoileadh ó Chiorclán na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

D'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ciorclán sa bhliain 2014 a bhain le deontais ó chistí Státchiste a bhainistiú agus le cuntasacht ina leith. Éilítear ar dheontóirí sa ciorclán sin a shonrú gur gá d'fhaighteoirí deontas eolas sainiúil a nochtadh ina ráitis airgeadais. Áirítear ar an bhfaisnéis sin sonraí faoi mhéid an deontais agus faoi conas a úsáidtear na cistí agus eolas faoi rátaí tuarastail an aonáin. D'iarr GFT tarscaoileadh i leith na gceangaltas sin ar an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, toisc go gcomhlíonann rialuithe láidre trasghníomhaíochta GFT aidhmeanna an Chiorcláin. Fuair GFT an tarscaoileadh.

Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca (AFRC) ag an GFT ar a bhfuil ceathrar comhaltaí den Bhord agus comhalta eachtrach amháin, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta acu, agus tá duine acu ina C(h)athaoirleach. Tháinig CIAR le chéile cúig uaire in 2021.

Tá feidhm iniúchta inmheánach seachfhoinsithe ag an GFT a thuairiscíonn díreach chuig an CIAR, a bhfuil dóthain acmhainní ar fáil dó agus a chuireann clár oibre i gcrích atá aontaithe leis an CIAR.

Tá polasaí bainistíochta riosca forbartha ag CIAR a leagan amach a inghlacthachta riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus tugann sé mionsonrú ar na ról agus na freagrachtaí atá ar an bhfoireann maidir leis an riosca. Tá an polasaí tugtha don fhoireann ar fad a cheaptar a bheidh ag obair laistigh de pholasaithe bainistíochta riosca an GFT, chun bainistíocht a chur san airdeall faoi rioscaí atá ag éirí agus chun laigeachtaí a rialú agus glacadh le freagracht ar rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialuithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an GFT a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun na rioscaí sin a mhaolú, chomh fada agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí a bhfuil an GFT ag tabhairt aghaidh orthu, agus tá siad sin aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhacht. Déanann an CIAR agus an Bord an clár a athbhreithniú agus a fhaomhadh ar bhonn bliantúil. Úsáidtear toradh na measúnaithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh le cinntiú go ndéantar bainistíocht ar rioscaí ar leibhéal inghlactha.



Tugann an taifead ar rioscaí mionsonraí ar na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun na rioscaí agus an fhreagracht a mhaolú as oibriúchán na rialuithe sannta chuig baill foirne áirithe. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe leis na eilimintí a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh doiciméadú sa chlár ar na nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó,
- rinneadh freagrachtaí airgeadais le cuntasáíocht chomhfhreagrach a shannadh ag leibhéal na bainistíochta,
- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a ndéanann bainistíocht sinsearach athbhreithniú air,
- tá córais ann a chinntíonn slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide,
- tá córais ann chun na sócmhainní a chosaint, agus
- is é atá i gceist le nósanna imeachta rialuithe maidir le maoiniú deontas an breithmheas; measúnú teicniúil agus airgeadais; tionscadail a bhaineann le deontais a fhaomhadh agus a íoc, lena n-áirítear anailís costais is tairbhe, measúnuithe theicniúla, garspriocanna tionscadail a bhunú, íocaíochtaí a dhéanamh de réir théarmaí agus coinníollacha na gcomhaontuithe idir GFT agus an deontaí, agus forálacha a dhéanamh le haghaidh aisíocaíocht an deontais mura gcomhlíonann an tionscadal na gealltanais déanta ag an tionscnóir.

Tionchar COVID-19 ar an gCreat Riosca agus Rialuithe

Tugann GFT measúnú go leanúnach ar a chreat rialuithe i ndiaidh bhriseadh amach Covid-19 agus an ghluaiseacht go dtí obair chianda don fhoireann go léir. Rinneadh ardáin teicneolaíochta slán reatha a shíneadh go dtí gach ball foirne chun obair chianda a éascú agus bearta cibearshlánda a fheabhsú lena n-áirítear oiliúint agus tástáil curtha i bhfeidhm. Tugtar measúnú ar thionchar na rioscaí a d'eascraigh ó COVID-19 mar chuid de phróiseas bainistíochta ar rioscaí na Gníomhaireachta agus leanfaidh GFT ag glacadh gach gníomhartha riachtanacha chun gach rioscaí ábhartha aitheanta a mhaolú.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus luaitear easnaimh rialaithe dóibh sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus an Bord, nuair is ábhartha, go tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha a leanas i bhfeidhm:

- aithníodh príomh-rioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a thabhairt ar oibriúchán na bpríomh-rialuithe sin agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú,
- bunaíodh socraíochtaí tuarascála ag gach leibhéal ina raibh freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- tá athbhreithnithe rialta ann ag an mbainistíocht shinsearach ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus tuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht in aghaidh buiséidí/réamhaisnéisí.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag GFT chun comhréireacht a chinntiú le rialacha agus treoirlínte soláthair reatha agus gur chloígh GFT leis na nósanna imeachta sin ar feadh 2021.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag GFT chun monatóireacht a thabhairt ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe. Faigheann monatóireacht agus athbhreithniú GFT ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh faisnéis ó shaothar iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúcháireachta, Airgeadais agus Riosca a thugann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus bainistíocht shinsearach laistigh GFT freagrach as creat rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha ar an 10ú Márta 2022.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aithníodh aon laigeachtaí sa rialú inmheánach maidir le 2021 a dteastaíonn nochtadh sna ráitis airgeadais uathu.

Sínithe thar ceann an Bhoird



Frank Ryan
Cathaoirleach
13 Meitheamh 2022

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinneáilte

Don Bhliain dár gCríoch 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
Ioncam			
Deontais Oireachtais	2	200,236	197,109
Ciste Oiliúna Náisiúnta	3	3,000	3,000
Aisíocaíochtaí Deontais	4	4,766	917
Ioncam Cíosa		3,996	3,545
Ioncam Eile	5	497	732
Brabús / (Caillteanas) ar Dhiúscairt Sócmhainní	6	1,779	5,767
Maoiniú Pinsin Glan Iarchurtha	21 (f)	7,253	6,880
		221,527	217,950
Caiteachas			
Deontais Iníoctha	7	105,429	106,446
Caiteachais Chur chun Cinn, Riaracháin agus Ginearálta	8	63,193	53,480
Muirir Tógála Tionsclaíoch	9	5,715	8,288
Muirir Dímhéasa	10	17,717	18,490
Muirir Laige	10	(14,813)	(865)
Costais Pinsin	21 (c)	8,607	8,070
		185,848	193,909
Barrachas don Bhliain roimh Leithreasuithe			
Ranníocaíocht leis an Státchiste	11	-	-
Aistriú (go) Caipiteal	12	(36,759)	(10,402)
(Easnamh) / Barrachas don bhliain i ndiaidh Leithreasuithe		(1,080)	13,639
Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh ag 1 Eanáir		33,632	19,993
Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh ag 31 Nollaig 2021		32,552	33,632

Baineann na suimeanna a thaispeántar faoi ioncam agus Caiteachas le gníomhaíochtaí leanúnacha. Cuimsíonn an Ráiteas Ioncaim, Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim gach gnóthachan agus caillteanas a aithníodh sa bhliain.

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 26 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann Bhord GFT:

Dáta: 13 Meitheamh 2022

Frank Ryan
Cathaoirleach



Martin Shanahan
Príomhfheidhmeannach



Tony Kennedy
Iníúcháireacht Chathaoirligh,
Coiste Airgeadais agus Riosca



Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh

Don Bhliain Dár gCríoch 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
Barrachas roimh Leithreasuithe		35,679	24,041
Gnóthú / (caillteanas) eispéiris ar oibleagáidí sochair scoir	21 (d)	305	(7,344)
Athrú ar bhoinn tuisceana atá mar bhonn le luach reatha na n-oibleagáidí sochar scoir	21 (d)	(2,234)	(19,124)
(caillteanas) iomlán achtúireach sa bhliain		(1,929)	(26,468)
Coigeartú ar mhaoiniú sochair iarchurtha scoir		1,929	26,468
Ioncam Cuimsitheach eile sa bhliain		35,679	24,041

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 26 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann Bhord GFT: Dáta: 13 Meitheamh 2022

Frank Ryan
Cathaoirleach



Martin Shanahan
Príomhfheidhmeannach



Tony Kennedy
Iniúcháireacht Chathaoirligh,
Coiste Airgeadais agus Riosca



Ráiteas faoin Staid Airgeadais

Ag 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe			
Maoin Thionsclaíoch	13	274,788	235,438
Sócmhainní Seasta Eile	14	7,879	10,470
		282,667	245,908
Sócmhainní Doláimhsithe			
Sócmhainní Teileachumarsáide	15	-	-
Sócmhainní Inláimhsithe agus Doláimhsithe			
		282,667	245,908
Sócmhainní Reatha			
Fardal	16	5,488	-
Infháltais	17	32,865	36,121
Airgead agus Coibhéisigh Airgid		300	4,486
		38,653	40,607
Dliteanais Reatha			
Iníoctha	18	(5,961)	(6,913)
Sócmhainní Reatha Glan			
		32,692	33,694
Infháltais Fhadtéarmacha			
Suimeanna Infhaighte: suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	17	-	288
Forálacha			
Forálacha le haghaidh Dliteanas agus Muirear	19	(140)	(350)
Pinsin			
Sócmhainn Maoinithe Pinsin Iarchurtha	20 (f)	219,312	210,130
Pinsean	20 (e)	(219,312)	(210,130)
Sócmhainní Reatha Iomlán			
		315,219	279,540
In ionannas:			
Cuntas Caipitil	12	282,667	245,908
Cuntas Oibriúcháin		32,552	33,632
		315,219	279,540

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 26 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann Bhord GFT: Dáta: 13 Meitheamh 2022

Frank Ryan
Cathaoirleach



Martin Shanahan
Príomhfheidhmeannach



Tony Kennedy
Iniúcháireacht Chathaoirligh,
Coiste Airgeadais agus Riosca



Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

Don Bhliain Dár gCríoch 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
Glansreabhaidh Airgid ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Ioncam Iomarcach thar Chaiteachas		35,679	24,041
Laghdú i Luach Sócmhainní Daingin			
- Maoin Thionsclaíoch	10	(2,129)	12,971
- Sócmhainní Seasta Eile agus Sócmhainní Teileachumarsáide	10	5,033	4,654
Caiteachas Caipitlithe	8 (a)	(777)	(590)
(Brabús) ar Dhiúscairt Sócmhainní	6	(1,779)	(5,767)
Ús an Bhainc			
Ranníocaíocht leis an Státchiste	5	-	-
(Méadú) i bhFardal	11	-	-
Laghdú / (Méadú) in Infháiltais dlite laistigh bliana	16	(5,488)	-
(Laghdú) / in Infháiltais dlite laistigh bliana	17	3,256	(13,518)
(Laghdú) i bhForálacha agus Muirir	18	(952)	745
Laghdú i suimeanna Infhaighte: suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	19	(210)	(1,976)
	17	288	315
Glan-sreabhadh airgid ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin		32,921	20,875
Sreabhaidh Airgid ó Gníomhaíochtaí Infheistíochta			
Ceannacháin		(49,592)	(37,213)
Diúscairthe		12,485	15,543
Glan-sreabhaidh Airgid ó Gníomhaíochtaí Infheistíochta		(37,107)	(21,670)
Sreabhaidh Airgid ó Gníomhaíochtaí Airgeadais			
Ús an Bhainc Faighte		-	-
Glansreabhaidh Airgid ó Gníomhaíochtaí Airgeadais		-	-
Glan (Laghdú) in Airgead agus Coibhéisigh Airgid		(4,186)	(795)
Airgead agus coibhéisigh airgid ag 1 Eanáir		4,486	5,281
Airgead agus Coibhéisigh Airgid ag 31 Nollaig		300	4,486

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais (arleanúint)

Don Bhliain dar Críoch Dé hAoine 31 Nollaig 2021

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá bunús don chuntasaíocht agus polasaithe cuntasaíochta suntasacha glactha ag GFT leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad go leanúnach ar feadh na bliana agus an bhliain roimhe:

(a) Eolas Ginearálta

Tá ceanncheathrú GFT Éireann lonnaithe ag Three ParkPlace, Sráid Haiste Uachtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 FX65. Is Aonán Leasa Poiblí (ALP) í GFT Éireann. Cuireann aonán Leasa Poiblí earraí nó seirbhísí ar fáil don phobal i gcoitinne, do phobal nó don leas sóisialta, agus i gcás go gcuirtear cothromas arbith ar fáil, is armhaithe le tacú le príomhchuspóirí an aonáin é seachas le toradh airgeadais a chur ar fáil do sholáthraithe cothromais, scairshealbhóirí nó baill. Is é príomhchuspóir GFT Éireann maratá leagtha amach i gCuid II M8 den Acht um Fhorbairt Tionscail (GFT Éireann) 1993 ná:

- bunaíocht agus forbairt, ar an Stát, ar fhiontair tionsclaíocha ó áiteanna lasmuigh den Stát a chur chun cinn
- infheistíochtaí a dhéanamh in agus tacaíochtaí a sholáthar d'fhiontair tionsclaíocha a chloíonn le riachtanais na n-achtachán le linn an tréimhse i bhfeidhm.
- na scéimeanna sin a riaradh, mar aon le deontais agus áiseanna airgeadais eile mar riachtanas d'eisiócaíocht Chistí an Aontais Eorpaigh agus na cistí eile a d'fhéadfadh a bheith údaraithe ó am go ham ag an Aire Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe, agus chun feidhmeanna eile dá leithéid a dhéanamh a d'fhéadfadh a bheith sannta ó am go ham don Aire.

(b) Ráiteas Comhréireachta agus Bunús Ullmhúcháin

Táthar tar éis na Ráitis Airgeadais a ullmhú i gcomhréir leis an gcoinbhinsiún costais stairiúil, agus iad mionathraithe i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102), arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais, san fhoirm atá faofa ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is é airgeadra léirithe Ráitis Airgeadais GFT Éireann ná an Euro. Glactar leis an Euro mar airgeadra feidhmiúil GFT Éireann ós rud é gurb é sin an príomh-thimpeallacht airgeadais ina n-oibríonn an Ghníomhaireacht.

(c) Ioncam

Deontais Oireachtais

Aithnítear ioncam go ginearálta ar bhonn fabhráithe: an t-aon éisceacht ná Deontais an Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáltais airgid.

Aisíocaíochtaí ar Dheontais Íoctha

Éiríonn deontais in-aisíoctha i gcúinsí áirithe, amhail leachtú / díscóileadh chomhlachta an fhaighteora, nó má chloítear le coinníollacha an deontais. Aithnítear aisíocaíochtaí deontais nuair is dóchúil go mbeidh an t-airgead faighte ag GFT agus is féidir an méid a mheas ar bhealach iontaofa; dá bhrí sin glactar cuntas dóibh ar bhonn fabhráithe.

Ioncam Úis

Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhráithe ag úsáid modha ráta úis éifeachtaigh.

Ioncam Cíosa

Comhdhéanann cíosa méideanna dlite faoi théarmaí comhaontuithe léasa ar tréimhsí suas go dtí 35 bliana ar fhad sínithe idir an Gníomhaireacht agus na tionóntaí, muirir as úsáid talaimh neamhfhorbartha agus muirir cothabhála eastát gearrtha ar thionóntaí agus curtha san áireamh ar bhonn fabhráithe.

Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhráithe.

(d) Deontais Iníoctha

Déantar deontais a fhabhrú sna Ráitis Airgeadais ina gclóíonn an deontaí le coinníollacha ordaithe.

(e) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Comhdhéanann Sócmhainní Seasta Inláimhsithe :

- (i) Talamh a choinneáiltear chun cuspóirí forbartha thionsclaíoch.
- (ii) Oibreacha forbartha suímh.
- (iii) Foirgnimh tionsclaíoch léasaithe le tionóntaí lena n-áirítear foirgnimh i gcúrsa díolacháin, i gcás nach raibh teideal ceadaithe ag deireadh na bliana.
- (iv) Áitreabh folamh ar fáil chun cuspóirí tionsclaíocha nó thar cúrsa díolacháin i gcás nach raibh an teideal ceadaithe ag deireadh na bliana.



(v) Sócmhainní Seasta Eile lena n-áirítear trealamh ríomhaire agus oifige agus daingneáin agus suitigh.

Luaitear Sócmhainní Seasta Inláimhsithe ar chostas lúide dímheas carntha agus foráil i gcomhair laige. Soláthraítear dímheas ar gach sócmhainní inláimhsithe, seachas talamh ar rátaí áirithe chun an costas a dhíscríobh, lúide luach iarmhartach measta, le gach sócmhainn ar bhonn líne dhíriú thar saoil úsáidigh measta mar a leanas:

(i) Foirgnimh	3% in aghaidh na bliana
(ii) Forbairt Shuímh	10% in aghaidh na bliana
(iii) Trealamh Oifige / Daingneáin agus Suitigh	20% in aghaidh na bliana
(iv) Ríomhairí	33 % in aghaidh na bliana
(v) Talamh	0 % in aghaidh na bliana

Léiríonn luach iarmhartach an méid measta a bheadh faighte faoi láthair ó dhiúscairt shócmhainne, i ndiaidh costais measta diúscairthe a asbhaint, dá raibh an tsócmhainn cheana féin ar aois agus coinníoll measta ag deireadh a shaoil úsáidigh.

Laige Maoine, Gléasra agus Trealamh

D'fhéadfa forálacha a dhéanamh do laigí i ndiaidh athbhreithnithe ar shócmhainní seasta agus sócmhainní teileachumarsáide déanta ag oifigigh GFT nó luachálaithe neamhspleácha, mar is cuí, má léiríonn eachtraí nó athruithe i gcúinsí nó coinníollacha eacnamaíoch gur fhéadfadh suim ghlanluacha na sócmhainní gan a bheith in-aisghabhála go hiomlán. Aithneofar aon fhorálacha dá leithéid sin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinneáilte sa bhliain ina raibh siad déanta. Nuair a léiríonn athbhreithniú dá éis nach bhfuil na cúinsí ann a thuilleadh a spreag foráil i gcomhair laige, nó má athraigh siad go hábhartha, beidh an foráil carntha don laige laghdaithe i gcomhréir leis.

Má bhíonn fianaise oibiachtúil ann ar laige le luach sócmhainne, aithnítear cailteanas laige sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinneáilte sa bhliain.

Glactar cuntas de mhalartuithe ar laigí blianta roimhe tríd an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinneáilte.



(f) Maoin Thionsclaíoch

Ceannaíodh Maoin Thionsclaíoch i sócmhainní seasta inbhraite, forbartha nó tógtha chun cuspóirí cuidiú le cur chun cinn agus forbairt an tionscail agus nach nglactar leis mar mhaoín infheistíochta ach sócmhainní seasta normálta.

Áirítear le costas talaimh, forbairt suímh agus maoiné thionsclaíoch cionroinnte ar chostais riaracháin bainteach le ceannachán nó forbairt sócmhainní.

Trí mheán meamraim loncaim agus Caiteachais maidir le idirbhirt Maoine Thionsclaíoch tá siad leagtha amach i nóta 22 na Ráiteas Airgeadais.

(g) Sócmhainní Seasta Doláimhsithe:

Comhdhéanann Sócmhainní Seasta Dobhraite sócmhainní teileachumarsáide a chuimsíonn ceart do-neamhaithe chun cuid ainmnithe gréasáin teileachumarsáide domhanda a úsáid ar tréimhse 25 bliana ó 2000.

(h) Fardal

Comhdhéanann fardal na fardail coinneáilte chun dáileacháin gan chomaoín nó ar chomaoín ainmniúil, tomhaiste ar an gcostas is ísle coigeartaithe, nuair is oiriúnach, i gcomhair aon chaillteanais seirbhíse féideartha agus costas athchurtha.

(i) Infháltais

Aithnítear infháltais ar luach cóir, lúide foráil ar fhiacha amhrasacha. Is foráil sonrach é an foráil ar fhiacha amhrasacha, agus bunaítear é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh GFT in ann gach méideanna dlite a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseachtaí i bhforáil d'fhiacha amhrasacha ar an Ráiteas Loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Loncaim Coinneáilte. Áirítear le infháltais:

- (i) Ionaid maoiné díolta ar bhonn iarchurtha. Gearrtar ús ar na méideanna sin ar Rátaí lasachta Stáitchiste fógartha ag an Roinn Airgeadais nó Ráta Tagartha Lascaine an AE de réir infheidhmithe.
- (ii) Cíosa dlite faoi théarmaí comhaontuithe léasa ar tréimhsí suas go dtí 35 bliana ar fhad sínithe idir an Gníomhaireacht agus na tionóntaí, muirir as úsáid talaimh neamhfhorbartha agus muirir cothabhála eastát gearrtha ar thionóntaí agus curtha san áireamh ar bhonn fabhraithe.
- (iii) Táillí ó roghanna ceannacháin tugtha ar mhaoín GFT, taiscí íochta ag GFT chun ceannacháin maoiné i gcás nach raibh teideal tugtha don Gníomhaireacht ag 31 Nollaig, agus foráil seirbhísí eile.

- (iv) Méideanna dlite maidir le diúscairt léasaithe le sócmhainní teileachumarsáide.
- (v) Méideanna dlite maidir le comh-shocrúcháin
- (vi) Méideanna dlite maidir le iasachtaí curtha ar aghaidh ann.

(j) Comhdhéanann iníocthaí méideanna iníoctha maidir le:

- (i) Creidiúnaithe agus Fabhraithe.
- (ii) Tá deontais iníoctha i gcomhréir le nóta (d)
- (iii) Taiscí ar dhíolacháin neamhchríochnaithe.

(k) Comhdhéanann forálacha ar dhliteanais agus muirir:

- (i) Méideanna soláthraithe maidir le costais féideartha gaolta le foráil trochlaithe le léasanna oibriúcháin.
- (ii) Méideanna soláthraithe ina bhfuil costais don todhchaí a eascraíonn faoi léasanna oibriúcháin measta le dul thar méideanna in-aisghabhála ó fo-léasaithe.

(l) Airgeadraí Seachtracha

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíoch in airgeadraí seachtracha a aistriú ar rátaí malairte rialaithe ar dháta an Ráitis ar Staid Airgeadais. Déantar ioncaim agus costais a aistriú ar rátaí malairte a rialaíonn ar dhátaí na n-idirbheart bunúsacha. Déileáiltear le brabúis agus cailteanais a eascraíonn ó idirbhirt airgeadra sheachtraigh agus ar shocraíocht mhéideanna infháltais agus iníoctha in airgeadra seachtrach ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinneáilte.

(m) Léasanna

Déileáiltear leis na cíosanna faoi léasanna oibriúcháin sna Ráitis Airgeadais de réir is a bhíonn siad dlite. I gcás maoiné thionsclaíoch ar fáil le cur chun cinn, déantar foráil, nuair is oiriúnach, i gcomhair íocaíochtaí cíosa don todhchaí ag an nGníomhaireacht.

(n) Sochair d'Fhostaithe

Sochair Gearrtréimhseach

Aithnítear sochair gearrtréimhseach amhail pá saoire mar chaiteachas sa bhliain, agus cuirtear sochair fabhraithe ag deireadh na bliana san áireamh le figiúir Iníocthaí sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.



Sochair Scoir

Rinne Acht Forbartha Tionsclaíoch (Díscaoileadh Forfás) 2014 (Uimh 13 ó 2014) a bhí ceadaithe sa dlí ar an 16ú Iúil 2014 foráil um dhíscaoileadh Forfás agus sholáthair sé i gcomhair bunaíochta GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar fhostaithe dlí ar leithligh; gach Gníomhaireacht ag forbairt a scéime phinsin féin a luann go dtagann baill foirne atá/a bhí mar bhaill Scéime Phinsin Forfás ar Scéimeanna nua na Gníomhaireachta ar théarmaí aoisliúntais nach bhfuil chomh buntáisteach ná iad sin a bhí acu faoin Scéim Forfás láithreach roimh an ndáta aistrithe, baill foirne na gníomhaireachta féin ag éirí mar bhall leis na scéimeanna sin; agus na gníomhaireachtaí atá san áireamh do Dhliteanais Pinsin gaolmhara faoi FRS102.

Glacann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta freagracht dhlíthiúil as scéimeanna pinsin Forfás reatha, pinsinéirí agus baill foirne a bhí ann leis na sochair coinnithe.

Faoi Acht na bPinsean Sheirbhíse Poiblí (Scéim Shingil agus forálacha eile) 2012, éiríonn iontrálaithe nua le Seirbhís Phoiblí air nó tar éis 1 Eanáir 2013 mar bhaill Scéime Phinsin Sheirbhís Poiblí Singil. Tá an fhreagracht dhlíthiúil iomlán ag GFT as a fhostaithe mar a bhfostóir dlíthiúil. Áirítear leis sin freagracht as pinsin na bhfostaithe reatha a théann ar scor tar éis 16ú Iúil 2014. Léiríonn na Ráitis Airgeadais freisin na costais pinsin le baill foirne GFT clúdaithe ag Scéim Phinsin Sheirbhíse Poiblí Singil.

Léiríonn costais pinsin GFT scéimeanna pinsin shochar sonraithe gan mhaoiniú, atá maoinithe go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgid ar fáil dó, lena n-áirítear airgid soláthraithe ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ó ranníocaíochtaí asbhainte ó thuarastal gach baill foirne. Léiríonn costais pinsin na sochair pinsin tuillte ag fostaíthe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne coinneáilte. Aithnítear méid a bhaineann le muirir pinsin mar ioncam chomh fada agus atá sé inaisghabháilte, agus seach-churtha ag deontais faighte sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Tá gnóthuithe nó cailteanais achtúireacha a eascraíonn ar dhliteanais na scéime léirithe sa Ráiteas Ioncainm Chuimsithigh agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid inaisghabháilte ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Léiríonn dliteanais pinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí ag baill foirne go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn ghaolmhar le athshlánú i dtréimhsí ina dhiaidh sin ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.



Tá dliteanais na scéime pinsin tomhaiste ar bhonn achtúireach ag úsáid modha creidmheasa an aonaid fortheilgthe.

(o) Breithiúnais Criticiúla, Meastacháin agus Toimhdí

I gcur i bhfeidhm polasaithe cuntasáochta GFT Éireann, iarrtar ón bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh maidir le méideanna glanluacha sócmhainní agus dliteanais nach bhfuil dealraitheacha ó fhoinsí eile. Bunaítear na meastacháin agus toimhdí gaolmhara ar thaithí stairiúil agus fachtóirí eile nach nglactar leis go bhfuil siad ábhartha. D'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin.

Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus toimhdí bunúsacha ar bhonn leanúnaigh. Aithnítear athbhreithnithe ar mheastacháin cuntasáochta sa tréimhse ina bhfuil an meastachán athbhreithnithe má imríonn an t-athbhreithniú éifeacht ar an tréimhse sin amháin, nó sa tréimhse athbhreithnithe agus tréimhsí eile sa todhchaí má bhíonn éifeacht ag an athbhreithniú ar thréimhsí reatha agus sa todhchaí araon.

D'imir na breithiúnais agus meastacháin a leanas an éifeacht is suntasaí ar mhéideanna aitheanta sna ráitis airgeadais:

Luachanna iarmhartacha agus dímheas sócmhainní

Rinne an bainistíocht athbhreithniú ar shaolta sócmhainní agus luachanna iarmhartacha gach aicme sócmhainne sheasta, agus ghlac siad conclúid go bhfuil saol agus luach iarmhartach na sócmhainní oiriúnach.

Athbhreithnithe laige ar shócmhainní

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta i gcomhair laige nuair a léiríonn eachtraí nó athruithe i gcúinsí gur fhéadfadh an méid ghlanluacha gan a bheith inaisghabháilte. Aithnítear cailteanas laige don méid a théann suim ghlanluacha na sócmhainne thar an méid inaisghabháilte. Is ionann an suim inaisghabháilte agus an chuid is airde de luach cóir sócmhainne lúide costas díolacháin agus luach in úsáid.

Oibleagáid le sochar scoir

Tugtar nuashonrú bliantúil do na toimhdí taobh thiar de luachálacha achtúireacha a bhfuil na méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais deimhnithe (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil cúitimh sa todhchaí agus rátaí básmhaireachta) bunaithe ar choinníollacha eacnamaíocha reatha, agus d'aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha an phinsin agus pleananna iar-scoir.

Is féidir leis na toimhdí tionchar a fháil ó:

- (i) ráta lascaine, athruithe ar ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán
- (ii) leibhéil cúitimh sa todhchaí, coinníollacha an mhargaidh shaothair sa todhchaí
- (iii) athruithe déimeagrafacha

Forálacha

Déanann an Ghníomhaireacht forálacha d'oibleagáidí dlíthiúla agus cuiditheacha, atá gan íoc ar dháta deiridh an tréimhse. Go ginearálta, déantar na forálacha sin bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ábhartha eile agus coigeartaithe i gcomhair treochtaí nuair is cuí. D'ainneoin sin, is meastacháin iad ar na costais airgeadais le eachtraí a d'fhéadfadh siad gan tarlú i gcomhair blianta áirithe.

Mar thoradh leis sin agus leis an leibhéal éiginnteachta a bhaineann le torthaí deiridh, d'fhéadfadh táirgeachta iarbhír a bheith difriúil go suntasach ón meastachán sin.



Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Críoch Dé hAoine 31 Nollaig 2021

2. Deontais Oireachtais

Soláthraítear Deontais Oireachtais faoi chuid 35 an Achta Forbartha Tionsclaíoch (Fondúireacht Eolaíoch Éireann) 2003. Comhdhéanann na Deontais Oireachtais de réir léirithe sna Ráitis Airgeadais na suimeanna a leanas íoctha ó Vóta 32 - Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht:

		2021 €'000	2020 €'000
Deontas don Cur chun Cinn agus Caiteachas Riaracháin	Vóta 32 - Fo-Cheanteideal A5 (i)	53,036	62,109
Deontas don Tionscal	Vóta 32 - Fo-Cheanteideal A5 (ii)	98,500	96,000
Deontas Maoine Thionsclaíoch	Vóta 32 - Fo-Cheanteideal A5 (iii)	48,700	39,000
		200,236	197,109

Tá an Deontas i gcomhair Cur chun Cinn agus Caiteachas Riaracháin €53.036m sainráite glan ó ranniocaíochtaí phinsin fostaithe €1,096,697 (€1,068,494 - 2020) curtha ar ais chuig an Stáitchiste.

3. An Ciste Oiliúna Náisiúnta

San áireamh le íocaíochtaí deontais oiliúna €17,801m (féach nóta 7) tá íocaíochtaí deontais oiliúna €3m (€3m in 2020) ina raibh deontais faighte tríd an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ón gCiste Oiliúna Náisiúnta, riartha tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá na íocaíochtaí a dhéantar i gcomhréir le riachtanais reachtúla an Chiste de réir forálacha i gcuid 7 Achta an Chiste Oiliúna Náisiúnta, 2000.

4. Aisíocaíochtaí Deontas

Nuair a sháraítear coinníollacha chomhaontais deontais ag comhlacht chliant, is féidir an deontas a athshlánú. Le linn na bliana, d'athshlánaigh an Ghníomhaireacht €4,766m (€0,917m in 2020) ag baint le aisíocaíochtaí deontais.

	2021 €'000	2020 €'000
5. Ioncam Eile		
Foligin an earnála príobháidigh le Lóistín Oifige Léasaithe	-	(9)
Ús an Bhainc	-	-
Ioncam táille maidir le Talaimh Neamhfhorbartha	144	440
Ús ar Idirbhirt Maoine Thionsclaíoch	334	231
Ioncam Ilearraí	19	70
	497	732

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais ar lean

Don Bhliain dar Críoch Dé hAoine 31 Nollaig 2021

6. Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní	2021	2020
	€'000	€'000
Comaoin (glan ó tháillí agus costais díreacha)	12,485	15,543
Costais Stairiúla	(17,741)	(17,640)
Athscríobh ar fhoráil laige	2,221	21
Athscríobh ar fhoráil dímheasa	4,814	7,843
	1,779	5,767

Comhdhéanann an brabús ar dhiúscairt brabúis €2,745m, cailteanais €0,966m ag eascrú i mbrabús glan ar dhiúscairt €1,779m.

7. Deontais Iníoctha	2021	2020
	€'000	€'000
Caipiteal	15,795	18,680
Fostaíocht	4,471	6,359
R&D	67,144	68,309
Oiliúint	17,801	12,736
Deontais Eile	218	362
	105,429	106,446

In 2021, bhí €3,494m (2020 - €1,34m) íoctha faoi scéim Táirgí Liachta do Covid 19 agus €390k (2020 - €76k) íoctha faoi Scéim Leanúnachais Gnó Covid 19.

8 (a)	2021	2020
Caiteachais Chur chun Cinn, Riaracháin agus Ginearálta	€'000	€'000
Táillí, caiteachais agus íocaíochtaí CEO	319	287
Costais íocaíochta eile - féach 8 (b)	29,335	29,843
Margaíocht, comhairliúchán, cur chun cinn agus fógraíocht	19,021	10,446
Riarachán ginearálta	15,343	13,461
Táille iniúchta	62	62
Foráil d'fhiacha amhrasacha	(110)	(29)
Lúide: Caipitliú ar chaiteachas gaolta le forbairt mhaoine tionsclaíoch	(777)	(590)
	63,193	53,480

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais ar lean

Don Bhliain dar Críoch Dé hAoine 31 Nollaig 2021

8 (b)	2021	2020
Comhdhéanann costais íocaíochta eile:	€'000	€'000
Sochair gearrtréimhseacha don fhoireann	27,324	27,935
Ranníocaíocht na bhfostóirí le leas sóisialta	2,010	1,904
Sochair Foircinn	-	-
Costais sochair scoir	1	4
	29,335	29,843

Bhí líon iomlán na mball foirne fostaithe (WTE) ag deireadh na bliana 328 (2020: 324)

8 (c)	€'000	€'000
Foireann Gearr Sochair		
Pá Bunúsach	27,324	27,933
Am Breise	-	2
Liúntais	-	-
	27,324	27,935

In 2021, bhí €788k Ranníocaíochta Aoisliúntais Breise asbhainte agus íoctha ar feadh na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais ar lean

Don Bhliain dar Críoch Dé hAoine 31 Nollaig 2021

8 (d)

Miondealú Tuarastail Bhuan Sochair Fostaithe	2021	Líon na bhFostaithe (WTE) 2020
€60,000 go €70,000	41	34
€70,001 go €80,000	23	35
€80,001 go €90,000	41	28
€90,001 go €100,000	22	33
€100,001 go €110,000	11	11
€110,001 go €120,000	7	5
€120,001 go €130,000	3	1
€130,001 go €140,000	2	-
€140,001 go €150,000	5	2
€150,001 go €160,000	2	9
€160,001 go €170,000	3	3
€170,001 go €180,000	1	1
€180,001 go €190,000	-	1
€190,001 go €200,000	1	-

Lch
65

8 (e)

Príomh-phearsanra Bainistíochta

Comhdhéanann príomh-phearsanra Bainistíochta in GFT baill an Bhoird, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus Bainisteoirí na Roinne. Tá luach iomlán sochair d'fhostaithe i gcomhaor príomh-phearsanra Bainistíochta leagtha amach thíos:

	2021	2020
	€'000	€'000
Pá Bunúsach	1,476	1,368
Liúntais	-	-
Sochair foircinn	-	-
Árachas Sláinte	-	-
	1,476	1,368

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais ar lean

Don Bhliain dar Críoch Dé hAoine 31 Nollaig 2021

8 (f)	2021 €'000	2020 €'000
Íocaíocht an Phríomhoifigh Mr Martin Shanahan	192,105	188,808
Iomlán	192,105	188,808

Faigheann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (CEO) tuarastal bliantúil €193,542 éifeachtach ón 1 Dheireadh Fómhair 2021. Ní théann teidlíocht phinsin an CEO thar shocrúcháin pinsin caighdeánacha an earnála phoiblí.

8 (g) Cíos Bliantúil Iníoctha maidir le Lóistín Oifige Léasaithe	Uimhir le hOifigí	Éag an Léis Dáta	Cíos Comhlán Iníoctha	Cíos Glan
Iníoctha			€'000	€'000
Ceannoifig	1	2043	7,769	3,924
Oifigí Réigiúnacha	3	2022-2028	143	143
Oifig thar Lear	19	2021-2029	2,409	2,409
			10,321	6,476

(i) I gcás Ceannoifige agus deich n-oifig thar lear, tá an lóistín comh-lonnaithe le Gníomhaireachtaí eile an Stáit agus / nó Misin Rialtais na hÉireann. Glacann cíos glan iníoctha cuntas de na suimeanna faighte ó chomhlachtaí eile an Stáit agus tionóntaí príobháideacha atá mar chuid d'fhoirgnimh na hoifige i gceist.

(ii) D'athnuaigh an GFT léas thar lear in 2021.

(iii) Tá clásal scoir ag dhá léas oifige thar lear in 2024

(iv) Tá maoin amháin ag an nGníomhaireacht a úsáidtear nó atá ar fáil mar spás oifige don fhoireann.

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais ar lean

Don Bhliain dar Críoch Dé hAoine 31 Nollaig 2021

8 (h) Tiomantais faoi Léasacha Oibriúcháin

Ag 31 Nollaig, tá an tiomantas faoi léasacha oibriúcháin €175,441m. Rachaidh na léasacha in éag mar a leanas:

	2021 €'000			2020 €'000		
	Neamh-thionsclaíoch Maoine	Tionsclaíoch Maoine Áitrithe faoi léasacha	Tionsclaíoch Maoine Ar Fáil do Cur chun cinn	Neamh- thionsclaíoch Maoine	Tionsclaíoch Maoine Áitrithe faoi léasacha	Tionsclaíoch Maoine Ar Fáil do Cur chun cinn
Laistigh bliana amháin	10,321	-	-	10,446	-	-
ón dara bhliain go dtí an cúigiú bhliain, san áireamh	36,487	-	-	37,420	-	-
Níos mó ná 5 bhliana	128,633	-	-	136,495	-	-
	175,441	-	-	184,361	-	-

9. Muirir i leith Foirgnimh Thionsclaíocha

Áirítear leis na muirir seo costais glan gaolta le foirgnimh tionsclaíoch soláthraithe ag an earnáil príobháideach agus costais cothabhála maidir le gach foirgnimh tionsclaíoch so-mhargaithe á gcoinneáil ag GFT. Comhdhéanann na costais: costais gairmiúla, dlí agus comhairliúcháin €2,99m [2020 €2,445m], costais léasaithe oibriúcháin (€0,006m) [2020 €0,004m] agus costais cothabhála an pháirc ghnó €2,941m [2020 €7,815m], laghdaithe ag gluaiseacht ghlan ar fhorálacha maidir le léasacha oibriúcháin (de réir leagtha amach i nóta 18) €0,21m [2020 €1,976m].

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais ar lean

Don Bhliain dar Críoch Dé hAoine 31 Nollaig 2021

10. Laghdú i Luach Sócmhainní Daingin

	Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
Muirir Dímheasa			
- Maoin Thionsclaíoch	13	12,684	13,836
- Sócmhainní Seasta Eile	14	5,033	4,654
Muirir Laige / (Aisiompuithe)			
- Maoin Thionsclaíoch	13	(14,813)	(865)
		2,904	17,625

Déantar dímheas a ríomhadh chun costas na sócmhainní a athscríobh lúide, nuair is cuí, aon fhoráil laige thar saolta úsáideacha measta atá fanta. Ní dhéantar aon fhoráil i gcomhair dímheasa i gcomhair talaimh nó infheistíochtaí.

Eascraíonn muirir laige áit inar tháinig luach de réir na leabhar do Mhain Tionsclaíoch nó Sócmhainní Teileachumarsáide thar a luacha inaisghabháilte measta. Eascraíonn aisiompuithe laige ina bhfuil fianaise soiléir go dtéann luach inaisghabháilte Maoine Thionsclaíoch nó Sócmhainní Teileachumarsáide thar a luacha de réir na leabhar, suas go dtí suim na laige bunaidh.

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais ar lean

Don Bhliain dar Críoch Dé hAoine 31 Nollaig 2021

11. Ranníocaíocht leis an Stáitchiste

Le linn 2021 agus 2020, fuair GFT Éireann ceadú ó DETE chun a loncam Acmhainní Dílse a choinneáil. Bhí méid iomarcach ar acmhainn dílse os cionn an leibhéil seo agus aon loncam Acmhainní Dílse in-aisíoctha le DETE, mar ranníocaíocht leis an Stáitchiste. In 2021, fuair GFT Éireann ceadú ó DETE chun €0,659 loncaim Acmhainní Dílse neamhúsáidte in 2020 a choinneáil. In 2022, táthar ag feitheamh ar cheadú ó DETE chun €0,449m loncaim Acmhainní Dílse neamhúsáidte in 2021, ag eascrú i ranníocaíochtaí nialasacha íoctha leis an Stáitchiste in 2021 agus 2020.

12. Caipiteal

	Nótaí	€'000	2021 €'000	€'000	2020 €'000
Ag 1 Eanáir			245,908		235,506
Gluaiseachtaí Glan ar:					
- Maoin Thionsclaíoch	13	39,350		13,868	
- Sócmhainní Seasta Eile	14	(2,591)		(3,466)	
Aistriú ón Ráiteas loncaim agus Caiteachais			36,759		10,402
Ag 31 Nollaig			282,667		245,908

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais ar lean

Don Bhliain dar Críoch Dé hAoine 31 Nollaig 2021

13. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe - Maoin Tionsclaíoch 2021

	Talamh	Suíomh Forbairt	Tionsclaíoch Maoin Áitrithe Faoi Léasacha	Tionsclaíoch Maoin Ar Fáil do Cur chun Cinn	Iomlán
Costas	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Ag 1 Eanáir	259,471	152,312	42,240	46,899	500,922
Breiseanna	11,115	15,341	260	21,210	47,926
Aistrithe	-	-	-	-	-
Diúscairt	(9,089)	(5,057)	-	(3,519)	(17,665)
Ag 31 Nollaig	261,497	162,596	42,500	64,590	531,183
Foráil i gcomhair Laige					
Ag 1 Eanáir	104,938	174	977	2,289	108,378
Muirear / (Aisiompú) don Bhliain	(14,639)	(174)	-	-	(14,813)
Aistriú	-	-	-	-	-
Diúscairt	-	-	-	(2,221)	(2,221)
Ag 31 Nollaig	90,299	-	977	68	91,344
Foráil don Dímheas					
Ag 1 Eanáir-		140,985	12,172	3,949	157,106
Muirear don Bhliain	-	9,534	1,109	2,041	12,684
Aistrithe	-	-	73	(73)	-
Athscríobh ar dhímheas Diúscairt	-	(4,093)	-	(646)	(4,739)
Ag 31 Nollaig-		146,426	13,354	5,271	165,051
Glanshuim Leabhair					
Ag 31 Nollaig	171,198	16,170	28,169	59,251	274,788
Ag 1 Eanáir	154,533	11,153	29,091	40,661	235,438
Gluaiseacht Ghlan don Bhliain					39,350

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais ar lean Don

Bhliain dar Críoch Dé hAoine 31 Nollaig 2021

	Talamh	Suíomh Forbairt	Tionsclaíoch Maoin Áitrithe Faoi Léasacha	Tionsclaíoch Maoin Ar Fáil do Cur chun Cinn	Iomlán
13. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe - Maoin Tionsclaíoch - 2020					
Costas	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Ag 1 Eanáir	257,784	149,872	34,043	40,248	481,947
Breiseanna	8,759	12,230	-	15,626	36,615
Aistrithe	-	-	8,197	(8,197)	-
Diúscairt	(7,072)	(9,790)	-	(778)	(17,640)
Ag 31 Nollaig	259,471	152,312	42,240	46,899	500,922
Foráil i gcomhair Laige					
Ag 1 Eanáir	105,803	195	977	2,289	109,264
Muirear / (Aisiompú) don Bhliain	(865)	-	-	-	(865)
Aistrithe	-	-	-	-	-
Diúscairt	-	(21)	-	-	(21)
Ag 31 Nollaig	104,938	174	977	2,289	108,378
Foráil don Dímheas					
Ag 1 Eanáir	-	137,434	10,575	3,104	151,113
Muirear don Bhliain	-	11,347	852	1,637	13,836
Aistrithe	-	-	745	(745)	-
Athscríobh ar dhímheas Diúscairt	-	(7,796)	-	(47)	(7,843)
Ag 31 Nollaig	-	140,985	12,172	3,949	157,106
Glanshuim Leabhair					
Ag 31 Nollaig	154,533	11,153	29,091	40,661	235,438
Ag 1 Eanáir	151,981	12,243	22,491	34,855	221,570
Gluaiseacht Ghlan don Bhliain					13,868

(a) San áireamh leis an tábla thuas, tá suim a bhaineann le comh-shocrúchán déanta in 2004 ag an nGníomhaireacht le Comhairle Chontae Fhine Gall chun talaimh a fhorbairt i mBaile Bhainséir Baile Átha Cliath, don díolachán dá éis le gealltanais tionsclaíoch. Faoi théarmaí an tsocrúcháin, tá GFT freagrach as feabhas infreastruchtúir a dhéanamh leis na talaimh. Glacann an Gníomhaireacht le costais iomlán na hoibre seo agus tá sí i dteideal leath de na torthaí ó aon díolacháin. Tá méid glan de réir na leabhar san áireamh thuas maidir leis an socrúchán seo €Nialas.

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais ar lean

Don Bhliain dar Críoch Dé hAoine 31 Nollaig 2021

14. Sócmhainní Seasta Eile

	2021	lomlán	2020	lomlán
	Trealamh Oifige agus Ríomhaire, Daingneáin agus Suitigh		Trealamh Oifige agus Ríomhaire, Daingneáin agus Suitigh	
	€'000	€'000	€'000	€'000
Costas				
Ag 1 Eanáir	23,353	23,353	22,165	22,165
Breiseanna	2,443	2,443	1,188	1,188
Diúscartha	(76)	(76)	-	-
Ag 31 Nollaig	<u>25,720</u>	<u>25,720</u>	<u>23,353</u>	<u>23,353</u>
Foráil don Dímheas				
Ag 1 Eanáir	12,883	12,883	8,229	8,229
Muirear don Bhliain	5,033	5,033	4,654	4,654
Diúscartha	(75)	(75)	-	-
Ag 31 Nollaig	<u>17,841</u>	<u>17,841</u>	<u>12,883</u>	<u>12,883</u>
Glanshuim Leabhair				
Ag 31 Nollaig	7,879	7,879	10,470	10,470
Ag 1 Eanáir	10,470	10,470	13,936	13,936
Gluaiseacht Ghlan don Bhliain	<u>(2,591)</u>	<u>(2,591)</u>	<u>(3,466)</u>	<u>(3,466)</u>

15. Sócmhainní Teileachumarsáide

Ag gníomhú i gcomhréir le cinneadh an Rialtais rinne GFT Éireann, in éineacht leis an Roinn Fiontair Poiblí (anois an Roinn Cumarsáidí, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha), conarthaí a shíniú in 1999 chun ceannacháin sócmhainní Teileachumarsáide i bhfoirm cearta in-neamhaithe chun cuid ainmnithe gréasáin Teileachumarsáide domhanda a úsáid ar feadh tréimhse 25 bliain ó 2000. Bhí cuid den acmhainn ceannaithe ag GFT díolta le méid áirithe soláthraithe seirbhíse. Tá costas stairiúil €38.85m ag na sócmhainní eile, agus bhí an méid sin athscríofa trí mheán muirir laige €21m in 2002 agus dímheas comhbhailithe €17,85m thar 8 mbliana ó 2000, ag eascrú i luach leabhair glan €Nialas.

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais ar lean

Don Bhliain dar Críoch Dé hAoine 31 Nollaig 2021

16. Fardal

	2021 €'000	2020 €'000
Fardal	5,488	-
Iomlán ag 31 Nollaig	5,488	-

Comhdhéanann fardal sócmhainní déantúsaíochta amháin, ceannaithe ag an GFT beartaithe le bheith nuaithe i gcomhair breithniúcháin nialais in 2022 mar chuid de thionscadal Ionaid Ard-Déantúsaíochta Náisiúnta.

D'éascaigh GFT bunaíocht AMC (corpraithe mar Ionad Ard-Déantúsaíochta na hÉireann Teoranta) mar eagraíocht faoi cheannas taighde agus teicneolaíochta lena bhord neamhspleách féin (le ball Foirne Feidhmiúcháin GFT mar Stiúrthóir Neamh-Fheidhmeannach) agus foireann ceannasaíochta feidhmiúcháin, a oibríonn go neamhspleách.

Tugann GFT maoiniú sealadach ó Nollaig 2021 go dtí 30 Meitheamh 2022 (suas go dtí €160k) chun leasa AMC i gcomhair Tuarastail, Costais Gaolmhara agus Caiteachais.

17. Infháltais

	2021 €'000	2021 €'000	2020 €'000	2020 €'000
Suimeanna dlite laistigh bliana amháin: Cuntais Infhála agus Réamhíocaíochtaí Foráil d'Fhiacha Amhrasacha	33,219 (354)		36,792 (671)	
		32,865		36,121
Suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin Suimeanna dlite ó fo-léasaithe maidir le costais feistithe	-	-	288	288
		32,865		36,409

San áireamh le infháltais agus réamhíocaíochtaí, méideanna €25,063m in íocaíochtaí síos ar idirbhirt maoinne, go háirithe ag léiriú íocaíochtaí le cuntais eascró na ndlíodóirí ar cheannacháin maoinne, táthar ag súil go mbeidh sé idirbheart críochnaithe roimh Q2 2022 agus meastar go mbeidh idirbhirt eile críochnaithe roimh Q4 2022.

Bhí Féichiúnaí fadtréimhseach €288,000 in 2020 ag léiriú airgid dlite ó SEAI maidir le costais feistithe le Ceancheathrú Domhanda nua áitrithe ag GFT aisíochta go hiomlán in 2021.

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais ar lean

Don Bhliain dar Críoch Dé hAoine 31 Nollaig 2021

18. Suimeanna Iníoctha

Suimeanna dlite laistigh bliana amháin:	2021	2020
	€'000	€'000
Cuntais Infhála agus Fabhraithe	5,631	5,989
Méid dlite ar Dhíolachán gan Chríochnú	330	924
Fabhraithe d'Íocaíochtaí Deontais	-	-
	5,961	6,913

19. Foráil le haghaidh Dliteanas agus Muirear

Foráil Léasanna Oibriúcháin	2021	2020
	€'000	€'000
Ag 1 Eanáir	350	2,326
Glan (laghdú) don bhliain	(210)	(1,976)
Iomlán ag 31 Nollaig	140	350

Comhdhéanann Foráil Léasanna Oibriúcháin:

- Costais athchuir tógála féideartha gaolta le oibleagáidí faoi léasanna oibriúcháin.

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais ar lean

Don Bhliain dar Críoch Dé hAoine 31 Nollaig 2021

20. Pinsin

- (a) Tá freagracht ag GFT as costais pinsin na foirne ag imeacht ar scor ó GFT i ndiaidh 16 Iúil 2014, faoi Fhorbairt Thionsclaíoch (Acht Díscailte Forfás 2014). Tagann baill foirne atá/a bhí mar bhaill le Scéim Phinsin Forfás leis an Scéim GFT nua ar théarmaí aoisliúntais chomh buntáisteach céanna ná iad sin a bhí acu faoi Scéim Forfás láithreach roimh dháta an aistrithe ó Forfás go GFT. Clúdaítear na catagóirí foirne a leanas ag an GFT:

Foireann Chlúdaithe

- (a) Foireann earcaithe suas go dtí 5 Aibreáin 1995 a d'éirigh inphinsin tar éis an dáta sin.
(b) Foireann earcaithe i ndiaidh 5ú Aibreáin 1995 agus roimh 1 Eanáir 2013.
(c) Foireann earcaithe ó 1 Eanáir 2013, atá mar bhaill le Scéim Phinsin Sheirbhíse Poiblí Singil.
(d) Baill foirne earcaithe ó 1 Eanáir 2013, a tháinig le Scéim Phinsin Forfás (anois Scéim GFT nua) ós rud é gur bhaill réamhbheitheacha iad le scéim seirbhíse poiblí eile (le sos a théann suas go dtí sé mhí sa seirbhís tar éis 1 Eanáir 2013).

Áirítear scéimeanna Chéile agus Pháistí le gach ceann de na Scéimeanna.

Tháinig tús leis an Scéim Sheirbhíse Poiblí Singil nua (“Scéim Singil”) le héifeacht ó 1 Eanáir 2013. Tá gach iontrálaithe nua le fostaíocht sheirbhíse poiblí inphinsin air nó tar éis 1 Eanáir 2013, go ginearálta, mar bhaill leis an Scéim Singil. Tá rialacha na Scéime Shingil leagtha amach in Acht Pinsin Sheirbhíse Poiblí (Scéim Singil agus forálacha Eile) 2012. Níl dliteanais pinsin maidir leis na daoine aonair fostaithe faoi Scéim Sheirbhíse Poiblí Singil ar feadh níos lú ná 2 bhliain curtha san áireamh leis an ríomhaireacht phinsin ós rud é nach mbeidh cearta pinsin fabhraithe acu go dtí go mbainfear an tseirbhís amach 2 bhliain tar éis.

Cloíonn GFT le costais glan a eascraíonn ó scoir normálta. Íoctar iad sin ón ioncam reatha. Úsáidtear ranníocaíochtaí faighte ag GFT ó fhoireann i scéimeanna neamhchistithe ranníocacha luaithe thuas chun dliteanais pinsin leanúnacha a mhaoiniú go páirteach.

Faoi Acht Bhearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009, aistrítear sócmhainní Údaráis Forbartha Thionsclaíoch chuig Cúlchiste Pinsin Náisiúnta ar an 31 Nollaig 2009. Fanann scéimeanna phinsin gaolta leis an ndá chiste sin i bhfeidhm do bhaill reatha gan tionchar ar na sochair nó foráil gaolmhar do bhaill. Tarchuireann GFT Éireann ranníocaíocht fhostaithe leis an Státchiste. Bhí ranníocaíochtaí iomlán fostaithe ar €1,097m do na scéimeanna sin tarchurtha ag GFT don Státchiste in 2021 agus íoctar costais pinsin ar an scor ag Vóta Deontais Oireachtais Uimh 32 fo-cheannteideal A5 (i).

(b) Nochtadh Pinsin faoi FRS102

De réir Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS102) is riachtanach do ráitis airgeadais luach cóir na sócmhainní agus dliteanais ó oibleagáidí aoisliúntais fostóra a léiriú, mar aon le aon mhaoiniú gaolmhar agus chun costais a aithint a bhaineann le sochair aoisliúntais a sholáthar i dtréimhsí cuntasáíochta ina bhfaigheann fostaithe iad.

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais ar lean

Don Bhliain dar Críoch Dé hAoine 31 Nollaig 2021

(c) Anailís ar Mhuirear Pinsin Iomlán	2021	2020
	€'000	€'000
Costais seirbhíse	8,033	7,031
Ús ar Dhliteanais Scéime Pinsin	1,671	2,108
Ranníocaíochtaí Fostaithe in úaid in íocaíocht Phinsin	(1,097)	(1,069)
	8,607	8,070
(d) Anailís ar an suim aitheanta sa Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh	2021	2020
	€'000	€'000
Gnóthuithe Eispéiris / (Caillteanais)	305	(7,344)
Athruithe ar Ghnóthuithe toimhdí / (Caillteanais)	(2,234)	(19,124)
Gnóthú Achtúireach / (Caillteanais)	(1,929)	(26,468)
(e) Dliteanas Pinsin	2021	2020
Athrú ar Dhliteanais Scéime Pinsin	€'000	€'000
Iarmhéid Oibriúcháin	210,130	176,782
Costais Seirbhíse Reatha	8,033	7,031
Costais Úis	1,671	2,108
Íocaíochtaí le Pinsinéirí	(2,451)	(2,259)
(Gnóthú) Achtúireach / Caillteanas	1,929	26,468
Luach Reatha le Oibleagáidí na Scéime ag 31 Nollaig	219,312	210,130
(f) Maoiniú Glan Iarchurtha do Phinsin sa Bhliain	2021	2020
	€'000	€'000
Maoiniú In-aisghabhála maidir le costais pinsin na Bliana Reatha	9,704	9,139
Maoiniú chun Pinsin a íocadh	(2,451)	(2,259)
	7,253	6,880

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais ar lean

Don Bhliain dar Críoch Dé hAoine 31 Nollaig 2021

Aithníonn GFT an suim a ghabhann leis an ndliteanas iarchurtha gan mhaoiniú mar shócmhainn do phinsin bunaithe ar thacar toimhdí a bhfuil cur síos orthu thíos agus ar go leor eachtraí a chuaigh thart. Áirítear leis na ócáidí sin bunús reachtúil chun scéimeanna aoisliúntais a bhunú, agus polasaí agus cleachta i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaíthe agus an próiseas meastacháin bliantúil. Níl aon fhianaise ag GFT nach leanfaidh an polasaí maoinithe seo ag cloí le suimeanna i gcomhréir le cleachta reatha.

Ar iomlán, bhí sócmhainn maoinithe iarchurtha do phinsin ag 31 Nollaig 2021 ar €219,312m (2020 - €210,130m). Bunaítear cáinníochtú an dliteanais ar an toimhde airgeadais leagtha amach i nóta 19(g). Moltar na toimhdí in úsáid, bunaithe ar fhianaise achtúireach, leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

(g) Luacháil

Tá an luacháil in úsáid i gcomhair nochtuithe FRS102 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán ag 31 Nollaig 2021. Bhí na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun dliteanais na scéime a ríomhadh faoi FRS102 ag 31 Nollaig mar a leanas:

Modh luachála - Aonad Measta

	2021	2020	2019	2018	2017
Ráta lascaine	1.20% p.a.	0.8% p.a.	1.20% p.a.	1.90% p.a.	1.95% p.a.
Méaduithe tuarastail sa todhchaí	3.50% p.a.	3.00% p.a.	3.00% p.a.	3.30% p.a.	3.40% p.a.
Méaduithe ar phinsin an stáit sa todhchaí	3.50% p.a.	3.00% p.a.	3.00% p.a.	3.30% p.a.	3.40% p.a.
Méaduithe ar phinsin sa todhchaí	3.00% p.a.	2.50% p.a.	2.50% p.a.	2.80% p.a.	2.90% p.a.
Boilsciú sa todhchaí	2.00% p.a.	1.50% p.a.	1.50% p.a.	1.80% p.a.	1.90% p.a.

Bliain um theacht in aois 65

	2021	2041
Ionchas saoil - fireann	21.8	24.1
Ionchas saoil - baineann	24.2	26.2

(h) Stair Oibleagáidí Sochair deimhnithe - Tosaithe 2014

	2021	2020	2019	2018	2017
Bliain dár gCríoch 31 Nollaig	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Oibleagáidí Sochair Sonraithe	219,312	210,130	176,782	153,942	151,667

Gnóthuithe eispéiris / (caillteanais) ar Dhliteanais na Scéime:

Suim	305	(7,344)	344	3,954	19
Céatadán Dhliteanais na Scéime	0.1%	(3.5%)	0.2%	2.6%	0.0%

Iomlán (caillteanais) / gnóthaithe aitheanta sa Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh:

Suim	(1,929)	(26,468)	(15,716)	5,660	(4,095)
Céatadán Dhliteanais na Scéime	(0.9%)	(12.6%)	(8.9%)	3.7%	(2.7%)

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais ar lean

Don Bhliain dar Críoch Dé hAoine 31 Nollaig 2021

21. Tiomantais

Meastar gur dóchúil go n-eascróidh íocaíochtaí sa todhchaí ó Thiomantais Deontais ar iomlán €261m ag 31 Nollaig 2021, meastacháin iníochta mar a leanas; 2022 €102m, 2023 €63m, 2024 €45m, 2025 €28m, 2026 €14m, 2027 €6m, 2028 €3m. (Ag 31 Nollaig 2020, bhí an meastachán ag €386m, meastacháin iníochta mar a leanas: 2021 €105m, 2022 €89m, 2023 €76m, 2024 €56m, 2025 €35m, 2026 €17m, 2027 €8m). Bhí Tiomantais Caipitil gan íoc ag 31 Nollaig 2021 ar chonarthaí um cheannachán agus forbairt Maoine Thionsclaíoch ar iomlán €81m (2020: €48m).

22. Cáin

Soláthraíonn Cuid 227 Achta Comhdhlúthaithe Cánach 1997 díolúine ón gcáin i gcomhair ioncaim chomhlachtaí stáit neamh-thráchtála. Ní bhaineann an díolúine seo le ús taisce. Nuair a bhíonn ús infhála faoi réir cánach ag an bhfoinse (m.s. DIRT), bíonn an glanshuim infhála creidiúnaithe leis an gCuntas Oibriúcháin.

I dtíortha áirithe ina n-oibríonn an Ghníomhaireacht, baineadh leas as díolúine ó cháin áitiúil faoi airteagal Seirbhísí an Rialtais leis an gcomhaontú cánach dúbailte ábhartha. Leanann an seasamh sin faoi athbhreithniú ag an nGníomhaireacht, ag lorg soiléirithe go gníomhach le deimhniú an eascraíonn cáin fostaíochta thar lear in aon dlínsí ina raibh leas bainte as an ndíolúine sin. D'fhéadfadh an t-athbhreithniú eascrú i ndliteanas leis an gcáin i ngeall ar éiginnteacht maidir leis an suim, más ann, le dliteanas teagmhasach féideartha nach raibh aon fhoráil déanta sna ráitis airgeadais don bhliain dár gcríoch 31 Nollaig 2021.

23. Ioncam Maoine Thionsclaíoch agus Caiteachas

		2021	2020
Ioncam:	Nótaí	€'000	€'000
Deontas Oireachtas	2	48,700	39,000
Comhlachtaí Cliaint GFT Éireann Ioncaim Cíosa		3,996	3,545
Ioncam táille maidir le Talaimh Neamhfhorbartha	5	144	440
Ús ar Idirbhirt Maoine Thionsclaíoch	5	334	231
Brabús ar Dhiúscairt Maoine Thionsclaíoch		1,778	5,754
		54,952	48,970
Caiteachas:			
Caiteachais Chur chun Cinn, Riaracháin agus Ginearálta		1,694	1,590
Muirir Tógála Tionsclaíoch	9	5,715	8,288
Muirir Dímhéasa agus Forálacha	10	(2,129)	12,971
		5,280	22,849
Gluaiseacht Ghlan don Bhliain		49,672	26,121
Aistriú (go) Caipiteal	12	(39,350)	(13,868)
Ranníocaíocht le gníomhaíochtaí Chur chun Cinn agus Riaracháin		10,322	12,253

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais ar lean

Don Bhliain dar Críoch Dé hAoine 31 Nollaig 2021

24. Nochtuithe Páirtí Gaolmhara

Féach Nóta 8 le do thoil i gcomhair miondealaithe leis an íocaíocht agus sochair íoctha le príomh-bhainistíocht.

I gcúrsa normálta gnó, d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht deontais a fhaomhadh agus d'fhéadfadh sí socrúcháin conartha a dhéanamh freisin ina bhfuil baill Bhoird GFT fostaithe nó leasmhara ar bhealach eile.

Ghlac an Ghníomhaireacht nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte eisithe ag an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe a chlúdaíonn leasanna pearsanta bhaill an Bhoird agus na nósanna imeachta a chloígh baill an Bhoird agus an Ghníomhaireacht leo. Le linn 2021, theastaigh ioncam €1,231 faighte agus faomhadh deontais ar €2m ó dhá idirbheart de réir a bhaineann siad le comhlachtaí ina raibh ball an Bhoird fostaithe.

I gcásanna coimhlinte úis féideartha, ní fhaigheann baill an Bhoird cáipéisíocht an Bhoird nó glacann siad páirt ar bhealach eile i bpléanna maidir leis na idirbhirt sin. Coinneáiltear taifead agus tá sé ar fáil ar iarratas ó thaobh gach cúinsí dá leithéid sin.

25. Dliteanas Teagmhasach

Tháinig GFT i gcomhaontú le soláthraí seirbhíse le aidhm chun infheistíochtaí dhíreacha seachtracha a bhuachan, go háirithe i bhfiontair beaga agus meánacha, ag eascrú i gcruthaíocht phoist inbhuanaithe. Tháinig an conradh leis an soláthraí seirbhíse in éag ar an 26 Márta 2017. I gcomhréir leis an oibleagáid chonartha sa chomhaontú, rinne GFT íocaíocht leis an soláthraí seirbhíse in 2017. Bhí an íocaíocht, a raibh forálacha dó sna Ráitis Airgeadais 2016, ríofa de réir tagartha ar chruthaíocht phoist sa todhchaí. Agus líon na bpost cruthaithe dá éis agus deimhnithe níos lú ná líon na bpost soláthraithe in íocaíocht, rinneadh aisíocaíocht pháirteach leis an íocaíocht seo a lorg. Leis sin, bhí íocaíochtaí áirithe déanta ag GFT le soláthraí seirbhíse faoin gconradh bunaithe ar phoist nach raibh tacaíthe dá éis don tréimhse íosta sonraithe sa chonradh, agus déantar aisíoc a lorg do na íocaíochtaí sin ón soláthraí seirbhíse. Déanann an soláthraí seirbhíse díospóid ar éileamh GFT agus tá sé ag lorg damáistí neamh-thomhaiste ó GFT i gcomhair briste conartha líomhnaithe. Tá an t-ábhar faoi réir nósanna imeachta eadránaithe anois idir na páirtithe.

26. Faomhadh ar na Ráitis Airgeadais

Bhí na Ráitis Airgeadais faofa ag an mBord ar an 12ú Bhealtaine 2022



Lch
80

OIFIG DOMHANDA

GRÉASÁN



OIFIGÍ DOMHANDA

EORAIP:

- 1: ÉIRE
- 2: AN FHRAINIC
- 3: AN GHEARMÁIN
- 4: AN RÍOCHT AONTAITHE

MEIRICEÁ

- THUAIDH:**
- 5: ATLANTA
 - 6: BOSTON
 - 7: CHICAGO

8: NEW YORK

- 9: NORTHERN CALIFORNIA
- 10: SOUTHERN CALIFORNIA
- 11: AUSTIN
- 12: TORONTO

AN AIGÉIN CHIÚIN

- AGUS NA HÁISE:**
- 13: AN ASTRÁIL
 - 14: AN TSÍN BEIJING
 - 15: AN TSÍN SHANGHAI

16: AN TSÍN SHENZHEN

- 17: INDIA MUMBAI
- 18: AN TSEAPÁIN
- 19: SINGEAPÓR
- 20: AN CHÓIRÉ